

Splane

Caibidil 2
2022-2023



Gael Linn

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Cúinne na Gramadaí An Séimhiú

Le Réamhfhocail

**Leanann séimhiú (h)
réamhfhocail faoi mar
atá thíos:**

ar → Bhí iontas an domhain
ar Chiarán.

roimh → Bhí eagla an domhain
ar Chaomhán **roimh** mhadraí.

de → D'fhiafraigh mé **de** Mháire cá raibh sí ag dul.

den (**de** + **an**) → Thuirling Alex **den** bhus.

do → Thug an bainisteoir íde béil **do** Shiobhán
faoi bhfeall a rinne sí.

don (**do** + **an**) → Thug Daidí na Nollag
bronntanas **don** pháiste.

faoi → Fág **faoi** Dhónall é!

ó → Tháinig daoine **ó** chian is **ó** chongar.

trí → Ghortaigh Hazard mé **trí** thimpiste.

sa → Seachain tú féin. Tá foiche **sa** charr!

foiche *wasp*

Leis an Aidiacht Shealbhach

**Leanann séimhiú mo, do agus a (firinsneach)
roimh chonsan.**

- An bhfaca tú **mo** chóta
- Chuir mé **do** chóta sa vardrús, a Phóil.
- Chroch m'athair **a** chóta ar an gcathaoir sa chistin.

Leis na hUimhreacha 1 go 6 (roimh chonsan)

aon chapall
dhá chapall
trí chapall
ceithre chapall
cúig chapall
sé chapall



Le nuair a...

- Íosfaidh mé mo dhinnéar **nuair a** thiocfaidh mé abhaile.
- Críochnóidh mé m'obair bhaile **nuair a** shroichfidh mé an leabharlann.

Le an- agus ró- (roimh chonsan)

- Bíonn gluaiseacht **an-mhall** ag seilidí.
- Deir mo mhúinteoir go bhfuil mise **an-chliste**.
- Tiomáineann tusa i bhfad **róthapa** ar an ngluaisrothar sin, a Shíle.
- Is é mo thuairim go mbíonn an traein go Baile Átha Cliath **róchostasach**.

seilide *snail*



Nóta

Ní chuirtear séimhiú ar d, t ná s nuair a leanann siad aon cheann de na litreacha d, n, t, l, ná s.

- Ní fhaca mé **aon** duine sa siopa.
- Bhí an scrúdú sin **an-simplí**.
- Thug mé airgead **don** sagart.
- Mhottaigh mé go raibh an múinteoir **an-dáiríre** **faoi** dán sin.

Obair duit!

Athscríobh na habairtí seo gan na lúibíní.

- 1 Bhí díomá an domhain ar (Dónal) nuair a chaill sé a (cuid) airgid.
- 2 Phléasc an phictiúrlann amach trí (tine) aréir.
- 3 Thug mé cuairt ar an ardchathair inné agus shiúil mé trí (Sráid) Uí Chonaill.
- 4 Bhí a (múinteoir) an-(sásta) le Joey nuair a d'éirigh leis grád A a fháil sa scrúdú.
- 5 Ní raibh ach cúig (bád) sa rás.

- 6 Níor chuala mé focal ó (Diarmaid) ó d'fhág sé an scoil dhá mhí ó (sin).
- 7 Bhí bróga Choilm ró(béag) dá (cosa).
- 8 Thug mé faoi deara go raibh *Ironman* agus an *Hulk* an-(cairdiúil) le chéile sna scannáin *Marvel*.

Suas, síos, anuas, aníos?

Déan staidéar ar na samplaí seo.

- Bhí Déaglán ag dul suas (↑) an dréimire.
- Ansin bhí sé thuas ag barr an dréimire.
- Ina dhiaidh sin bhí sé ag teacht anuas (↓) an dréimire.
- Anois tá sé thíos ag bun an dréimire!



Obair duit!

Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní. (Freagraí leathanach deireanach)

- 1 An mbeidh tú ag dul (suas) go Dún na nGall sa samhradh, a Bhreandáin?
- 2 A Eibhlín, conas a bhí an cúrsa Gaeltachta (suas) i nDún na nGall?
- 3 Katie, an dtiocfaidh tú (síos) ar cuairt chugam ag an deireadh seachtaine?
- 4 D'imigh Pól agus a chairde (síos) go Loch Garman chun galf a imirt an deireadh seachtaine seo caite.
- 5 Conas a bhí an fhéile snagcheoil (síos) i gCorcaigh i mbliana? An ndeachaigh tú (síos) ann? Ar ghlac sé tamall fada ort teacht (suas) arís leis an tracht?

(Freagraí leathanach deireanach)

Saoire trí thine!

Ba bheag airgead a bhí le spáráil ag mo mhuintir an samhrach seo caite. Ach d'éirigh linn dul ag campáil ar shliabh áitiúil. A luaithe is a bhí an carr páirceáilte ag Mam ag bun an tsléibhe, thosaíomar ag dreapadh suas faoi sholas geal na gréine. Faoi am lóin bhí an ceathrar againn – Mam, Daid, mo dheirfiúr, Doireann, agus mé féin – ag bárcadh allais.

Sula i bhfad bhíomar thuas ar bharr an tséibhe, áit ar aimsíomar suíomh deas taobh le sruthán. Níorbh fhada go raibh na pubaill curtha in airde againn – le linn do Dhaid béile breá blasta a dhéanamh réidh ar an sorn gáis.

Tar éis an bhéile, d'imigh mé féin agus Doireann ag fálróid sa choill ar feadh tamaill. Ar fhilleadh dúinn ar an suíomh campála, céard a chualamar ach Mam agus Daid ag srannadh go torannach i gceann de na pubaill! Ní mó ná sásta a bhí siad nuair a bhriseamar beirt amach sna trithí gáire.

Trí lá a chaitheamar le chéile – ag spraoi, ag insint scéalta, ag canadh agus ag baint suilt as an atmaisféar. Bhí an aimsir breá te agus an teocht thart ar 29 gcéim Celsius chuile lá.

Bhailíomar ár gcuid giuirléidí le chéile go moch an mhaidin dheireanach. Agus nuair a shroicheamar an carrchlós, baineadh geit asainn nuair a thugamar faoi deara an-chuid daoine ag béicíl agus ag breathnú in airde ar an sliabh. Bhí scamall dubh deataigh ag síneadh suas i dtreo na spéire agus lasracha ag titim anuas ar fud na háite. Bhí an choill trí thine!

Tháinig trí bhriogáid dóiteáin ar an bhfód gan mhoill. Tháinig na gardaí ina dhiaidh sin agus scuab siad gach duine amach as an gcarchlós.

Nuair a shroicheamar an baile, ligeamar go léir osna faoisimh asainn. Nach orainn a bhí an t-ádh!

ag bárcadh allais = **ag sileadh allais go trom**
puball = tint *tent* **fálróid** = spaisteoireacht
srannadh *snoring* **trithí gáire** *fits of laughter*
giuirléidí *belongings* **lasair** *flame*



Obair Bheirte

Pléigí na ceisteanna seo le chéile agus freagraí iad.




- Conas a bhí cúrsaí airgid ag an teaghlach an samhradh seo caite?
- Luaigh rud amháin a rinne an teaghlach ar an sliabh an chéad lá.
- Cé a chuir bia ar fáil do gach duine?
- 'Ní mó ná sásta' a bhí Daid agus Mam. Cén fáth?

- Cá fhad a chaith an teaghlach ag campáil?
- Conas a bhí an aimsir?
- ‘Baineadh geit asainn.’ Cad chuige?

Crosfhocal daoibh!

(Freagraí leathanach deireanach)



Trasna

- 3 spaisteoireacht, siúl don phléisiúr (7)
- 5 teas, céim Celsius (6)
- 10 dul suas cnoc/dréimire/sliabh (8)
- 11 láthair, áit (6)
- 12 greann, spórt, súgradh (6)
- 13 scanradh, léim, preab (4)

Síos

- 1 abhainn bheag (7)
- 2 ag _____ allais (7)
- 4 cnoc an-ard (6)
- 6 ag gáire gan smacht, sna _____ (6)
- 7 áit pháirceála (9)
- 8 tint, áras campála déanta de chanbhás (6)
- 9 saoire i bpuball faoin aer (7)
- 11 gléas cócaireachta (4)

Eachtra ar an DART

Hi, a Lorcáin!

Tá súil agam go bhfuil an saol go maith ansin i Luimneach. Níl an scoilbhliain nua ródhona anseo, dáiríre. Ní bhíonn ach corr-rang Zoom againn anois, buíochas le Dia. Bímse ag traenáil dhá uair sa tseachtain d'fhoireann peile mo chlub – agus imrím cluiche ar an Satharn de ghnáth. Fan go gcloisfidh tú é seo!



Cúpla seachtain ó shin bhí mé féin agus duine de mo chairde ag taisteal go dtí an chathair ar an DART. Ach nuair a shroicheadar deireadh scríbe, baineadh geit asainn. Bhí ceithre cinn de na carráistí millte ag graifítí ildathach gránna. Triúr fear ón Spáinn a rinne an damáiste – le péint spraeála. Rinne duine acu an eachtra a thaifeadadh ar a fhón póca!

Thosaigh an triúr acu ag rith i dtreo Rae an Iarthair, ach tháinig na gardaí ar an láthair. Chaith na fir a gcuid málaí ar an talamh agus thug siad na cosa leo! Ach rugadh orthu agus tugadh os comhair na cúirte iad. Fuarthas ciontach iad agus gearradh fíneálacha orthu.

Ní déagóirí a bhí iontu ach daoine fásta! An bhfuil a fhios agat, a Lorcáin, is fuath liom graifítí. Milleann sé fógraí, ballaí agus, fiú, suíocháin i bpáirceanna poiblí!

Bhuel, a Lorcáin, sin é mo chuid nuachta ar fad duit. Tóg go bog é!

Do chara,

Tomás.

millte = scriosta, loite **Rae an Iarthair** *Westland Row*
ciontach *guilty* **taifead** *record* **fíneáil** *fine*
deireadh scríbe *destination* **láthair = áit**

Obair duit

Scríobh ríomhphost chuig duine de do chairde agus inis scéal dó/di faoi eachtra éigin a tharla i do cheantar le déanaí.



Comrá Sráide

Mairéad A Chiara, tá Daid an-imníoch faoi rud éigin.

Ciara Imníoch? Cad chuige sin. a Mhairéad?

Mairéad Bhuel, tá a fhios agat go bhfuil sé ina bhainisteoir bialainne i lár an bhaile.

Ciara Tá – agus is bialann an-deas é, a Mhairéad.

Mairéad B'fhéidir, a Chiara, ach níl go leor oibrithe aige. Cócaire amháin agus triúr freastalaithe atá aige faoi láthair. Sin an méid!

Ciara Cad chuige nach féidir leis oibrithe a fháil?



Mairéad An diabhal Covid, a Chiara! D'imigh a lán daoine ó thíortha iasachta abhaile le linn na paindéime – agus níl ar fáil anois ach deagóirí is mic léinn. Ní bhíonn uathasan ach poist pháirtaimseartha. Mar sin, ní osclaíonn Daid an bhialann gach lá den tseachtain – ná ar uaireanta iomlána ach oiread.

Ciara Níl sé sin sásúil in aon chor, a Mhairéad. Cén t-am a dhúnann sé an bhialann?

Mairéad Díreach ar a deich a chlog istoíche. Is breá leis na hoibrithe go léir é sin, ar ndóigh.

Ciara An mbíonn tú féin ag obair ann riamh?

Mairéad Ní bhíonn – an samhradh seo chugainn, b'fhéidir!

paindéim *pandemic*

Obair Bheirte

Ag obair le chéile, cumaigí comhrá gairid idir bheirt dhéagóirí faoi fhadhb éigin a bhíonn ag daoine óga faoi láthair. Nuair a bheidh sibh réidh, cuirigí an comhrá sin i láthair os comhair an ranga.



Bagairt na Gaoithe

Leis na hathruithe atá ag tarlú don aeráid in Éirinn le tamall anuas, briseann stoirmeacha amach níos minice ná mar a bhrisidís fadó.

Le linn na stoirme, *Eunice*, roinnt míonna ó shin, mar shampla, leagadh na céadta crann. Lasc gaoth láidir iad agus tarraingíodh craobhacha siar is aniar. Ar ndóigh, thit a lán de na crainn ar charranna agus ar dhaoine. Ní hamháin sin, ach leagadh sreanga aibhléise leis. Mar réiteach ar an bhfadhb, is níos anois le comhairlí contae agus le húinéirí talún crainn ísle a chur le taobhanna bóithre – an fhearnóg agus an bheith, mar shampla. Agus tá Iarnród Éireann ag leagan crann taobh leis na ráillí traenach mar gheall ar an scrios a dhéanann siad. 'Gaothstoitheadh' a thugtar ar leagan crann de bharr neart na gaoithe.

Is é an gaothstoitheadh an baol is mó do chrainn na hÉireann, dar le daoine áirithe. Cad is féidir a dhéanamh faoi seo? Sin í an cheist! Ceann de na réitigh atá ann anois ná tanúchán crann i gcoillte agus i bhforaoisí – is é sin le rá, cuid acu a ghearradh síos agus na fréamhacha a bhaint amach. Bíonn eidhnéan an-áisiúil freisin. Nuair a bhíonn stoc crainn clúdaithe le heidhneán, ní dhéanann sé aon dochar don chrann, ach neartaíonn sé é in aghaidh fórsa na gaoithe.

Ar ndóigh, mura mbíonn an talamh thart timpeall ar chrann draenáilte go maith, ní deacair don ghaoth é a leagan.

Ni féidir linn stoirmeacha a stopadh ná a cheansú, ach tig linn cabhrú leis na crainn, gan amhras!

lasc *lash* **fearnóg** *alder* **beith** *birch* **fréamh** *root*
aibhléis = **leictreachas** **gaothstoitheadh** *windthrow*
réiteach *solution* **tanúchán** *thinning* **eidhneán** *ivy*
áisiúil = **cabhrach** *handy* **stoc crainn** *tree-trunk*
neartaigh = **láidrighe** **ceansaigh** = **smachtaigh** *tame*



Tascanna duit

- Tarraing pictiúr de chrann i do cheantar nó glac grianghraf de. Cuir do phiciúr ar taispeáint sa seomra ranga.
- Faigh an leagan Gaeilge de 10 gcrann i do cheantar. B'fhéidir go mbeidh ort an leagan Béarla a fhoghlaim ar dtús!
- Aimsigh eolas agus íomhánna ar an idirlíon faoin damáiste a dhéanann an ghaoth le linn stoirme.

Céim in airde!

Rugadh Daisy Edgar-Jones i Londain sa bhliain 1998. Ba pháiste aonair í. Tá a hathair, Philip Jones, ina stiúrthóir ar *Sky Arts* agus ina cheannasaí siamsaíochta ag an gcomhlacht, *Sky Television*. Is eagarthóir scannán í a máthair, Wendy Edgar. Deir Daisy gur daoine cneasta tuisceanacha iad beirt.



Ghlac sí féin páirt in an-chuid drámaí nuair a bhí sí ar scoil agus, nuair a bhí sí cúig bliana déag d'aois, rinne sí triail don *National Youth Theatre*. D'éirigh léi san agallamh agus shínigh sí Conradh leis an gcomhlacht, *Hamilton Hodell*. Níorbh fhada ina dhiaidh sin go bhfuair sí páirteanna i gcláir theilifíse mar *Cold Feet*, *Outnumbered* agus *Gentleman Jack*. Bhí Daisy an-sásta lena saol mar aisteoir ar an scáileán, gan dabht.



Ansin tharla athrú dochreidte ina saol! Fuair Daisy páirt Marianne sa tsraith teilifíse, *Ordinary People*, le Lenny Abrahamson – bunaithe ar úrscéal den teideal céanna le Sally Rooney. Rinneadh an clár le linn *Covid-19* agus d'fhéach na milliúin daoine air. Ba réalta teilifíse thar oíche í Daisy!

Ba é Paul Mescal a ghlac páirt Connell sa tsraith – agus, díreach cosúil le Daisy, ba é sin an ról teilifíse ba mhó a bhí aige siúd riamh.

Bunaíodh *Ordinary People* ar an gcaidreamh a bhí ag Daisy agus Connell le chéile. Bhí an scéal suite in iarthar na hÉireann agus i mBaile Átha Cliath. Caidreamh rómánsúil a bhíodh ann ó am go chéile, ach uaireanta eile bhíodh Marianne agus Connell ag scornaigh a chéile.

Taobh amuigh den obair mar aisteoirí, is dlúthchairde iad Daisy agus Paul. Réitíonn siad go maith le chéile agus buaileann siad le chéile go minic.

Fuair an tsraith, *Ordinary People*, ainmniúchán do *Bafta* agus bhuaigh sí *Golden Globe* chomh maith.

tionscal *industry*

caidreamh = **cumarsáid** *relationship*

ceannasaí siamsaíochta *head of entertainment*

sraith *series*

ag scornaigh a chéile = **ag argóint le chéile**

Tascanna

- Déan taighde ar an aisteoir, Paul Mescal, agus scríobh leathanach faoi.
- Cén post ar mhaith leat féin a bheith agat nuair a fhágfaidh tú an scoil? Scríobh alt faoi sin.
- Scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuig cara leat faoi scannán maith a chonaic tú le déanaí.

Caoga Bliain ar an Aer!

Sa bhliain 1972 rinne rialtas na hÉireann cinneadh airgead a chur ar fáil do stáisiún raidió do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus do Ghaeilgeoirí ar fud na tíre. Tháinig Raidió na Gaeltachta nó RnaG ar an aer ar an dara lá d'Aibreán 1972.

RTÉ
RAIDÍO
NA GAELTACHTA

Ba sa bhliain 1928 a gheall an rialtas stáisiún raidió do lucht labhartha na Gaeilge den chéad uair! Ach tháinig an crú ar an tairne sa bhliain 1969 nuair a rinne slua agóid mhór ag Teach Furbo i nGaeltacht Chonamara. Bhris ceathrar isteach sa stiúideo raidió Béarla a bhí san áit agus chuir isteach ar chlár a bhí ar siúl ag an am. Tharla agóidí eile ag ceanncheathrú RTE i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath, agus taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist ar Shráid Uí Chonaill.



Bunaíodh an eagraíocht, Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, ansin – agus céard a rinne roinnt de na baill ach stáisiún raidió dá gcuid féin a bhunú! Tugadh Saor-Raidió Chonamara ar an stáisiún bradach sin. Tosaíodh ag craoladh um Cháisc 1970. Thaitin sé go mór le daoine agus chuir sé sin brú ar an rialtas seirbhís oifigiúil a chur ar fáil.

Is stáisiún náisiúnta anois é RnaG agus is féidir le hÉireannaigh sa bhaile agus thar lear éisteach leis!

Thar na blianta chothaigh RnaG ceangal láidir leis an lucht éisteachta. Tharraing sé na ceantair Ghaeltachta – thuaidh, theas, thoir agus thiar – le chéile ar an aer. Tá stáisiúin ag an eagraíocht i gCasla i gConamara, sna Doirí Beaga i dTír Chonaill agus i gCorca Dhuibhne, Contae Chiarraí. Leagann an stáisiún béim mhór ar cheol traidisiúnta, ach cloistear cineálacha eile ceoil ar an aer chomh maith. Deir daoine áirithe nach mbeadh aon Ghaeltacht ann gan RnaG! An bhfuil an ceart acu?

tháinig an crú ar an tairne *things came to a head*
agóid *protest* **bradach** = **mídhleathach**
ceanncheathrú *headquarters* **cothaigh** *nurture*

Obair duit

- Éist le do rogha clár ar RnaG. Cad a cheap tú faoi? Scríobh leathanach faoi.

- Téigh go Raidió na Gaeltachta ar an idirlíon. Éist le podchraoladh Gaeilge. Scríobh alt gairid faoinar chuala tú.
- Lig ort gur tráchttaire spóirt thú ar RnaG. Déan píosa tráchttaireachta ar chluiche nár imríodh riamh os comhair an ranga!

Bagairt, Scrios, Marú...

Tarlaíonn cogaíocht de bharr easaontais nó coimhlinte idir thíortha, réigiúin, rialtais nó shochaithe. Ní fada ansin go mbriseann foréigean amach. Dá thoradh sin, tarlaíonn bagairt, scrios, marú – do shaighdiúirí agus lucht troda ach go háirithe. Uaireanta, maraítear saoránaigh, trí thimpiste nó d'aon turas, mar ghníomh uafáis ag taobh amháin ar an taobh eile.

An fhianaise is sine atá againn den chogaíocht ná in oirthuaisceart na hAfraice, áit a bhfuair seandálaithe coirp a d'fhulaing bás go foréigneach thart ar 14,000 bliain ó shin. Ceaptar gur tháinig fás ar líon na gcogaí ar domhan tar éis do 'stáit' teacht ar an bhfód. Ba mhinic a théadh na stáit sin in adharca a chéile chun coimhlint a réiteach.

cogaíocht = **trodaireacht** *warfare*
easaontas = **coimhlint** **achrann** *dissent*
bagairt *threat* **saoránach** = **ball de stát** *citizen*
d'aon turas = **d'aon ghnó** **fianaise** *evidence*
gníomh uafáis = **gníomh sceimhlitheoireachta**
líon = **uimhir iomlán**
in adharca a chéile = **i gcoinne a chéile**
seandálaí *archaeologist*




Obair daoibh!

- I mbeirteanna, pléigí an cúlra a bhaineann le cogadh agus an réiteach atá air, dar libh.
- Cumaigí a oiread focal agus is féidir libh, ag baint úsáide as na litreacha san fhocal **cogaíocht**. Tá roinnt samplaí anseo thíos:
cogaí, ocht, aíocht

- 3 Scríobhaigí alt gairid an duine faoin gcogadh san Úcráin – agus faoin gcabhair a thugann tíortha éagsúla don tír sin. Ansin léigí amach na hailt sin dá chéile.
- 4 Fíor nó bréagach? Tharla an cogadh is sine a bhfuil fianaise againn faoi san Afraic Theas.
- 5 Cad is brí le stát?
- 6 Scríobhaigí dán ar an téama *Cogaíocht*.

Crosfhocal Cogaíochta!
Ceann deacair é seo! Bíodh foclóir maith ar líne agat!



Trasna

- 1 duine i seirbhís an airm (10)
- 2 clampar, bruíon (7)
- 6 fógairt eascairdiúil, rabhadh naimhdeach (7)
- 9 gníomh sceimhlitheoireachta, gníomh _____ (6)
- 11 lámh láidir, dásacht (9)
- 12 troid idir thíortha (6)

Síos

- 1 pobal, daoine (6)
- 3 iomaíocht, achran (9)
- 4 gnáthbhall tíre (9)
- 5 coimhlint (9)
- 7 i gcoinne a chéile, in _____ a chéile (7)
- 8 d'aon ghnó, d'aon _____ (5)
- 9 Tá caoga díobh seo i Stáit Aontaithe Mheiriceá! (4)

(Freagraí leathanach deireanach)

Tionchar Bell!

Le blianta fada anuas, chreid daoine go raibh an nuatheicneolaíocht go hiontach. Nuair a cheap Alexander Graham Bell an chéad ghuthán sa bhliain 1876, ba dhul chun cinn iontach é sin dóibh siúd a bheadh ag iarraidh labhairt le daoine eile i bhfad uathu.

Anois, san aonú aois haois is fiche, tá forbairt mhór tagtha ar an nguthán a cheap Bell – agus féidearthachtaí dochreidte ann anois. Cinnte, is féidir linn labhairt ar ghutháin phóca, ach tig linn grianghraif agus físeáin a thaifeadadh orthu freisin. Is féidir linn cáipéisí a scríobh agus a shábháil orthu, leabhair a léamh orthu – agus eolas a aimsiú faoi go leor rudaí ar an idirlíon.



Is annamh a úsáidimse féin mo ghuthán póca chun labhairt le daoine na laethanta seo – toisc an oiread sin roghanna eile a bheith agam.

forbairt = dul chun cinn
féidearthacht = rud intarlaithe *possibility*
annamh = neamhchoitianta

Obair Bheirte

- 1 Déanaigí liosta de na bealaí éagsúla ina n-úsáideann sibh gutháin phóca.
- 2 Cé mhéad duine a bhfuil aithne agaibh orthu nach bhfuil guthán póca ar bith acu?
- 3 Cén aois a bhí sibh nuair a fuair gach duine agaibh do ghuthán póca?
- 4 Ainmnígí rud amháin nach féidir a dhéanamh ar ghuthán póca, ach ar mhaith libh a dhéanamh. Ceapaigí bealach chun é a dhéanamh anois – as an nua!
- 5 Liostaigí cúig ghléas eile atá ina gcuid den nuatheicneolaíocht, dar libh.

Iomlán an Scéil!

Ceapann daoine áirithe go mbaineann taighde le mic léinn ollscoile – nó le heolaithe, a bhíonn ar thóir leigheasanna ar ailse nó ar thinnis mhóra eile. Ach ní hé sin iomlán an scéil!

Is féidir le haon duine taighde a dhéanamh chun eolas a fháil. Maidir leis na daltaí a ghlac páirt sa chomórtas, Eolaí Óg na Bliana, rinne siad staidéar ar cheist éigin. Rinne siad tástálacha agus fuair siad torthaí. Chuir siad an t-eolas sin os comhair an phobail agus chabhraigh sé sin leis an tsochaí ar fad.

Ceann de na dúshláin a bhaineann le taighde ná gur minic a fhaigheann daoine torthaí nach mbíonn siad ag súil leo – nó nach dtaitníonn leo. Sa chás sin, tá sé an-tábhachtach don taighdeoir a intinn a choinneáil oscailte agus muinín a chur sna torthaí. Dáiríre, is gá intinn oscailte a bheith againn nuair a bhíonn taighde á dhéanamh againn. É sin nó ní fiú é a dhéanamh sa chéad áit!

taighde = imscrúdú



Tuilleadh oibre!

- 1 Míniú a bhfuil i gceist leis an bhfocal *taighde*.
- 2 An ndearna tú féin taighde riamh? Má rinne, déan cur síos air do do pháirtí ranga.
- 3 An ainmfhocal nó aidiacht é an focal *taighde*?
- 4 An bhfuil an focal *taighde* firinsneach nó baininsneach? (Cinntigh do chuid eolais san fhoclóir!)
- 5 An consan caol nó consan leathan é an litir **t** san fhocal *taighde*? Cén fáth?
- 6 An consain chaola nó leathana iad **gh** agus **d** san fhocal *taighde*? Cén fáth?
- 7 Míniú *consan caol* agus **consan leathan**.
- 8 Céard a cheapann tú faoi ghramadach na Gaeilge? Bíodh **cúig abairt** agat mar fhreagra.

Meascán Mearaí ar Phóilíní!

D'fhreagair póilíní in oifig an tsirriam, in San Luis Obispo, California, glao éigeandála 911 ar 13 Lúnasa 2022. Ní raibh éinne ar an líne, áfach. Ghlaigh na póilíní ar ais ar an uimhir láithreach, ach arís ní raibh éinne ar an líne. Rinne siad fiosrú ar an scéal agus fuair siad amach gur tháinig an glao ó fhón póca sa zú áitiúil.

Ag ceapadh go raibh duine éigin i dtrioblóid nó ag lorg cabhrach ó na seirbhísí éigeandála, d'imigh na póilíní i scuadcharr go dtí an zú láithreach. Lár na

hoíche a bhí ann – agus an áit dúnta! Ní raibh duine ná deoraí ann, de réir dealraimh. Ní raibh éinne i dtrioblóid ann, mar sin!



An lá dár gcionn fuarthas fón póca de chuid an zú in aice le moncaí darbh ainm Route. Is cosúil gur ghoid sé an fón póca ó chairrín an zú agus gur thosaigh sé ag súgradh leis! Ba trí thimpiste a dhiaailigh sé 911!

meascán mearaí *bewilderment, confusion*
sirriam *sheriff* **éigeandáil = práinn, cruachás**
cairrín *push-cart, trolley*

Ceist duit!

An bhfuil scéal mar sin agat faoi ainmhí éigin eile? Inis do scéal don rang!

Bliain ar Inis Meáin

I mí Iúil i mbliana, chuir eagraíocht ar Inis Meáin fógra amach ag ofráil naoi mí saor ó chíos do dhá theaghlach a bheadh sásta bogadh isteach ar an oileán. Scaip an scéal go tapa agus chuir stáisiúin raidió san Astráil agus nuachtáin i gCeanada suim sa scéal fiú!



Bhí an-éileamh ar an tairiscint agus, roimh theacht mhí Lúnasa, chuir 1,300 teaghlach iarratas isteach ar an mbliain shaor. Rinneadh gearrliosta fiche teaghlach agus cuireadh agallamh ar cheithre cinn díobh sin. Roghnaíodh dhá theaghlach ar deireadh –

muintir Mhic an tSaoir ón Uaimh, Contae na Mí agus muintir Mhic Síthigh ó Chontae Luimnigh.



Ar ndóigh, tá an-suim ag an dá dhream sa Ghaeilge. Roimhe sin d'fhreastail páistí mhuintir Mhic an tSaoir ar bhunscoil i nGaeltacht Ráth Chairn agus bhí muintir Mhic Síthigh ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge tar éis do na tuismitheoirí staidéar a dhéanamh ar theangeolaíocht san ollscoil.

Freastalóidh na páistí ar bhunscoil ar an oileán ar feadh naoi mí. Is áit álainn, shábháilte í, le daonra beag agus oidhreacht shaibhir teanga agus chultúir, dar le Dara Ó Madaoin, bainisteoir Chomhlacht Forbartha Inis Meáin, a d'eagraigh an tionscadal.

ofráil = tairiscint *offer*

oidhreacht = dúchas *heritage*

tionscadal = tionscnamh *project*

teangeolaíocht = staidéar ar theangacha

Tasc duit

Déan taighde faoi Inis Meáin ar an idirlíon agus scríobh ailt faoi.

Suim agat i stampaí?



Ar cheannaigh tú stampa le déanaí? Ar thug tú an obair ealaíne ar an stampa sin faoi deara?

Le céad bliain anuas d'úsáid An Post obair

ealaíontóirí Éireannacha ar a chuid stampaí. Is minic a fheictear laochra spóirt nó cultúir orthu – nó daoine cáiliúla ó thaobh na staire nó na polaitíochta de. Dhear Philip Treacey stampa le hata galánta air sa bhliain 2010 agus chonacthas

mála Orla Kiely ar cheann eile an bhliain chéanna. Bhí graifítí Maser ar stampa sa bhliain 2017!

Chun obair ealaíne stampaí a cheiliúradh tá sraith nua ocht stampa eisithe ag An Post, ina n-athúsáidtear na hiomhánna a bhí ar na bunstampaí ó na seachtóidí ar aghaidh. Mar sin, feicfead stampaí Treacy, Kiely agus Maser arís.

Bhíodh stampaí á n-úsáid in Éirinn ón mbliain 1840 ar aghaidh, mar chuid de chóras poist na Breataine. Ba é James Ingram a dhear an chéad cheann Éireannach sa bhliain 1922. Bhí léarscáil na hÉireann air agus chosain sé dhá phingin!



dear = déan pictiúr *design*


Tasc beag duit!

- Cén dearadh a chuirfeá ar stampa? Dear anois é!

Crosfhocal duit anois!

(Freagraí leathanach deireanach)

Na leideanna bunaithe ar an sliocht thuas!



Trasna

- 1 duine ón tír seo (10)
- 6 365 lá! (6)
- 9 cur síos ar an am atá thart (5)
- 10 thug mé suntas do, thug mé faoi _____ (5)
- 11 duine misniúil cróga, _____ spóirt (5)
- 12 mór le rá, clúiteach (8)

Síos

- 2 duine a phéinteálann pictiúir (11)
- 3 comóradh (10)
- 4 píosa beag páipéir greamaithe de chlúdach litreach (6)
- 5 cúrsaí rialtais (11)
- 7 mapa (9)
- 8 le gairid, le _____ (6)

Leac na tine



Níor thit mórán báistí an samhradh seo caite agus bhí triomach i gceantair áirithe sa tír. Thit leibhéal an uisce i dtaiscumair agus cuireadh cosc ar úsáid phíobáin ghairdín – chun uisce a shábháil.

I gCarraig na Siúire, Contae Thiobraid Árann, tá leac mhór san abhainn a bhíonn faoi uisce de ghnáth. Ach chonacthas i mbliana í, nuair a thit leibhéal an uisce go han-híseal. Bhí seantraidisiún sa cheantar sin fadó – tine a lasadh ar an leac, chun báisteach a mhealladh ón spéir nuair a bhíodh baol triomaigh ann. Sa tseanaimsir bhíodh muilte uisce ar an abhainn – agus nuair nach mbíodh go leor uisce ag rith tríothu, ní bhítí in ann cruithneacht a mheilt do phlúr ná d'arán agus, mar sin, bhíodh baol ocrais nó gorta ann.

Las iascaire áitiúil, Ralph Ó Ceallacháin, tine ar an leac i mbliana. Dúirt sé nach bhfaca a athair ná a sheanathair an leac sin riamh – rud a chiallaíonn nár thit leibhéal na habhann chomh híseal sin le cuimhne na ndaoine!

leac = carraig nó cloch leathan chothrom

triomach = aimsir an-tirim **cruithneacht** *wheat*
meilt *grind* **taiscumar = tanc mór stórála** *reservoir*
muilte = uimhir iolra de 'muileann' *mill(s)*

Ceisteanna

- Cad a cheapann tú faoin traidisiún a ndéantar cur síos air sa sliocht thuas?
- Ar chuir triomach an tsamhraidh isteach ar do cheantar féin? Conas? Scríobh alt faoi sin – agus léigh amach don rang é.

Zippy!



Satharn amháin bhí na sluaite bailithe taobh amuigh de chró zú in Albain. Ag

féachaint ar fhógra ar na ráillí a bhí siad. *Rugadh mé san India, ach tá cónaí orm anseo anois, a dúirt an fógra.* Bhí an cró fós folamh, áfach. Bhí gach duine fiosrach faoi cén sórt ainmhí a bheadh ag maireachtáil sa chró sin.

Tar éis tamaill chonaic siad coimeádaí zú sa chró. Chuir sí fáilte roimh gach éinne agus lean sí uirthi ag caint leo. Seo an scéal a d'inis sí:

“Is dócha go bhfuil an fógra ar an gcró seo feicthe agaibh – agus gur mhaith libh a fháil amach cén t-ainmhí a bheidh sa chró ón lá inniu ar aghaidh. Is ainmhí an-speisialta é a chuaigh ar bord loinge san India i ngan fhios d'éinne – agus chuir an long chun farraige.

“Chonaic an criú an t-ainmhí ar bord, ach bhíodh sé ag rith chomh tapa sin nach mbídís in ann breith air! Thugadh sé céim i leataobh ar dheis. Thugadh sé cor ar chlé. Théadh sé i bhfolach taobh thiar d'fhearas loinge i bhfaiteadh na súl. Bhaist an criú *Zippy* air mar leasainm, ní nach ionadh!

“D'fhágadh mairnéalach amháin caora fíniúna amach do *Zippy* san áit chéanna gach lá agus bhíodh siad ite aige an lá dár gcionn. Ar a laghad, ní bhíodh ocras ar an gcréatúirín.

“Bhí an t-ainmhí ag rith timpeall na loinge ar feadh trí seachtaine sular éirigh leis an gcriú breith air. Fuaireadar é díreach in am, mar bhí an long le teacht i dtír anseo in Albain go gairid ina dhiaidh sin. Tugadh *Zippy* go dtí an tréadlia agus dúirt seisean go raibh sé an-tuirseach agus beagánín faoi strus. Bhí air dul i gcoraintin ar feadh tamaill, ach ar maidin scaoileadh amach é agus tá sé anseo linn anois den chéad uair.”

Ansin shiúil mairnéalach isteach sa chró. Bhí ainmhí beag clúmhach ina lámha aige. Chuaigh sé i dtreo na ráillí chun an t-ainmhí beag a thaispeáint don slua. “Seo é an t-iora pailme, *Zippy*,” a dúirt sé go bródúil.

(Tá an scéal seo bunaithe ar an bhfolachánaí, *Zippy*, a bhí ar bord na loinge *Deep Explorer* i mí Lunasa 2022!)

cró = clós d'ainmhithe **folachánaí** *stowaway*
mairnéalach *sailor* **clúmhach** *feathery*

Kateryna – Cuid a Dó

An oíche chéanna, thosaigh Kateryna agus a máthair ar a n-aistear siar. Thiomáin a hathair chuig staisiún na traenach iad, áit a raibh slua ban agus daoine óga cruinnithe le chéile.




Tabhair aire do do Mhama, a Kateryna, a chroí.

Ní féidir, a stór. Tá an t-am ann do na fir dul ag troid. Caithfidh mise agus Stefan fanacht.

Nach dtig leat a bheith linn, Papa?


Rug Papa barróg ar a máthair a raibh deora lena súile agus, ansin, tharraing sé Kateryna lena ucht.



Ní raibh áit suí ar an traein agus, in ainneoin iad a bheith tuirseach traochta, b'éigean do Kateryna agus a máthair fanacht ina seasamh ar an turas fada siar.



I ndiaidh trí huaire, stad an traein. Bhí bac ar an líne rompu. Agus iad ag fanacht, chuala na mná pléascanna uathu agus d'éirigh imní iontu.



(Script – Cuid a Dó den Scéal)



An oíche chéanna, thosaigh Kateryna agus a máthair ar a n-aistear siar. Thiomáin a hathair chuig staisiún na traenach iad, áit a raibh slua ban agus daoine óga cruinnithe le chéile. Rug Papa barróg ar a máthair a raibh deora lena súile agus, ansin, tharraing sé Kateryna lena ucht. “Tabhair aire do do Mhama, a Kateryna, a chroí.”

“Nach dtig leat a bheith linn, Papa?”



“Ní féidir, a stór. Tá an t-am ann do na fir dul ag troid. Caithfidh mise agus Stefan fanacht.”



Ní raibh áit suí ar an traein agus, in ainneoin iad a bheith tuirseach traochta, b'éigean do Kateryna agus a máthair fanacht ina seasamh ar an turas fada siar.

I ndiaidh trí huaire, stad an traein. Bhí bac ar an líne rompu. Agus iad ag fanacht, chuala na mná pléascanna uathu agus d'éirigh imní iontu. Ansin gan choinne, pléascadh buama faoi thríocha slat díobh. Bhain an pléasc croitheadh uafásach as an gcarráiste traenach. D'imigh na mná agus na páistí chun scaoill, cuid acu ag iarraidh an traein a fhágáil agus teitheadh ar a gcosa.

Faoi cheann fiche nóiméad, tháinig scéal go raibh an líne oscailte arís agus thosaigh an traein ag bogadh siar.

Ceithre huairé ina dhiaidh sin, thrasnaigh siad teorainn agus d’amharc Kateryna le súile móra ar na comharthaí a bhí scríofa i dteanga nár thuig sí. Thuirling sí féin agus a máthair den traein agus lean siad an slua. Bhí daoine ag glaoch agus ag scairteadh, ach ba bheag a thuig sí.

“Cad tá á rá acu, a Mhama? A Mhama?”

D'fhéach Kateryna thart, ach ní raibh a máthair le feiceáil in aon áit.

barróg = fáscadh *hug* **ucht** = brollach
 in ainneoin *in spite of*
bac = cosc, moill **pléasc** *explosion*
buama *bomb* **scairt** = béic
scaoll = eagla an-mhór *panic*

Kateryna – Obair daoibh!

Agus sibh ag éisteacht leis an múinteoir ag léamh an scéil NÓ le linn daoibh féin é a léamh, déanaigí an obair thíos.



An oíche chéanna, thosaigh Kateryna agus a máthair ar a n-aistear siar. Thiomáin a hathair chuig staisiún na traenach iad, áit a raibh slua ban agus daoine óga cruinnithe le chéile.



Freagraí na ceisteanna seo, bunaithe ar na pictiúir thuas.

- 1 Cén t-am den lá a bhí ann?
- 2 Cá raibh Kateryna agus a máthair ag dul, an dóigh leat?
- 3 Cé a bhí ag tiomáint an ghluaisteáin?
- 4 Céard a rinne Papa sa phictiúr ar dheis thuas?
- 5 Conas a bhraith máthair Kateryna ag an am sin, i do thuairimse?
- 6 Cén teagmháil a rinne Papa le Kateryna?

Obair Bheirte

- Scríobhadh an bheirt agaibh cuntas ar ócáid bhrónach in bhur saol.
- Léigí amach an cuntas sin dá chéile.
- Léadh gach duine agaibh do chuntas os comhair an ranga (mura bhfuil sé róphríobháideach!).

Cuir críoch leis an scéal seo thíos.

- ‘Bhí uaigneas ar an gcaílín agus í ag scaradh lena tuismitheoirí...’


Ceisteanna eile, bunaithe ar an tsraith iomlán

- 1 “Nach dtig leat a bheith linn, Papa.” Cad a bhí i gceist ag Kateryna, dar leat?
- 2 Cén míniú a thug Papa mar fhreagra ar cheist Kateryna?
- 3 Cad d'iarr Papa ar Kateryna a dhéanamh ó thaobh a máthar de?
- 4 Cé a bheadh mar chuideachta ag Papa nuair a bheadh Mam agus Kateryna imithe?
- 5 Cén fáth a raibh ar Katerina agus a máthair fanacht ina seasamh ar an traen?

Rug Papa barróg ar a máthair a raibh deora lena súile agus, ansin, tharraing sé Kateryna lena ucht.



Dhá pictiúr eile ón tsraith!



Freagair na ceisteanna seo.

- 1 Céard a tharla gan choinne?
- 2 Cén áit go díreach inar tharla sé?
- 3 Scríobh dhá abairt, i d'fhocail féin, faoin éifeacht a bhí ag an eachtra ar na paisinéirí.
- 4 Cén scéal a chualathas fiche nóiméad ina dhiaidh sin?
- 5 Cá fhad a lean an turas?
- 6 Cén áit a raibh an traen ag deireadh an aistir?
- 7 Cad deirtear faoi na comharthaí a chonaic Kateryna?
- 8 Bunaithe ar an eolas atá agat féin faoin gcogadh san Úcráin, cén sórt saoil a bhí in ann do Kateryna agus a máthair?
- 9 Cad é do thuairim faoin méid den scéal atá feicthe agat go dtí seo? Is leor cúpla abairt.
- 10 Ar tharla aon éigeandáil riamh le linn duit féin a bheith ag taisteal ar bhus, ar thraen nó ar eitleán? Scríobh alt gairid faoinar tharla. (éigeandáil emergency)

Cluastuiscint (CD2)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

An Roinn Rialtais a luaitear	
Earnáil ina mbeidh an obair ar siúl	
Tréith amháin atá de dhíth	
An aois a chaithfidh a bheith ag iarrthóirí	

Fógra a Dó

- Cé atá ag caint?

- Ainmnigh an taobh tíre atá i gceist.

- Céard a bhí á dhéanamh ag formhór na ndaoine a maraíodh?

- Luaigh **dhá** chúis leis na timpistí.
(i) _____ (ii) _____

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- Céard a thaitníonn le Niamh?

- Luaigh ainm an ghrúpa.

- Cad é an uair dheireanach roimhe sin a bhí Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl?

An Dara Mír

- Conas a chaith Niamh agus a cairde a gcuid ama ag Fleadh Cheoil na hÉireann?

- Cén chaoi a raibh an t-atmaisféar?

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- Cén cúrsa a bhí ar siúl?

- Cá raibh an cúrsa ar siúl?

- Cé mhéad a chosain sé?

An Dara Mír

- Cad a cheap Eoin faoin gcúrsa?

- Pointe dearfach **amháin** uait faoin maitheas a dhéanann tionscal an fhaisin.

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Ainm na cathrach	
Rudaí a ghealltar	
Rud a tharla cúpla mí ó shin	

Píosa a Dó

- Ainmnigh an t-ospidéal a luaitear.

- Píosa **amháin** eolais uait faoin timpiste.

- Cén chabhair a tugadh don chailín? Is leor pointe **amháin**.

Cluastuiscint (CD3)

CUID A

Cloisfidh tú dhá cheann d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Fógra a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Rud a bheidh á ghearradh ar chupáin aon úsáide	
Méid na cánach a bheidh le hÍoc	
Fáth amháin nach bhfuil an pobal i gcoitinne sásta	
Cúis amháin le cinneadh an Rialtais	

Fógra a Dó

- Céard atá ar siúl anocht?

- Cad is ainm don phríomhoide?

- Ainmnigh an Roinn Rialtais a rinne an taighde.

- "Is olc an scéal é seo." Cad tá i gceist leis sin?

CUID B

Cloisfidh tú dhá cheann de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh faoi dhó. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

Comhrá a hAon

An Chéad Mhír

- Dhá píosa eolais uait faoi Shéamus Coleman.
(i) _____
(ii) _____
- Cár b as Katie McCabe?

- Conas tá ag éirí le foireann na mban?

An Dara Mír

- Cén dá spórt eile, seachas sacar, a luann Gearóid? _____
- Céard é an gaisce a rinne Ciara Mageean?

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

- Cén scannán a chonaic Cáit le déanaí?

- Tabhair píosa amháin eolais faoi na tuairiscí a luann Brian.

- Ainmnigh trí thír, seachas Éire, a raibh an scannán ar taispeáint iontu. _____

An Dara Mír

- Cá raibh Bob Dylan ag seinm i mí na Samhna? _____
- Céard a cheapann Brian faoi Bob Dylan?

CUID C

Cloisfidh tú dhá cheann de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh faoi dhó. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

Píosa a hAon

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Teideal an chlár raidió	
An comhlacht atá i mbun na mbusanna	
Rud amháin a deir an ceardchumann	

Píosa a Dó

- Breac síos ainm an bhaile mhóir a luaitear.

- An mó post atá le líonadh

- Tabhair píosa amháin eolais faoin obair.

Grace O'Malley – Bád!

Is iomaí duine óg, scoláirí san idirbhliain san áireamh, a bhain taitneamh agus tairbhe as tréimhse ar an *Asgard II*. Long mhór seoltóireachta ab ea í – agus tábhacht mhór ag baint léi, mar ba í an long náisiúnta traenála í. Faraor, chuaigh sí go tóin poill i mBá na Bioscáine sa bhliain 2008. Ar ámharaí an tsaoil, d'éirigh le gach duine ar bord teacht slán.



Faoi dheireadh tá long traenála ar fáil arís in Éirinn. Grúpa carthanachta, ar a dtugtar *Iontaobhas Óige an Atlantaigh*, a cheannaigh an long sa tSualainn. *Grace O'Malley* an t-ainm atá uirthi agus sheol sí isteach go Cuan Bhaile Átha Cliath i Mí Lúnasa anuraidh.

Tá obair le déanamh ar an mbád fós. Caithfear an beár a bhaint amach agus spás codlata a chur ar fáil ann do 45 traenálaith. Táthar ag súil go ndéanfar an obair sin le linn an gheimhridh i mbliana. Ina dhiaidh sin, tabharfar deis do go leor daoine óga traenáil a fháil sa tseoltóireacht ar bord na loinge sna blianta romhainn amach.

Is cinnte gurb iontach an deis é seo do dhaoine óga. Meas tú, an mbeidh tú féin nó aon duine de do lucht aitheantais i measc na ndaoine sin?

go tóin poill = go bun na farraige

carthanacht *charity* **iontaobhas** *trust*

lucht aitheantais = daoine a bhfuil aithne agat orthu

Ceisteanna

1 De réir an eolais sa sliocht, cé a bhain taitneamh agus tairbhe as tréimhse ar an *Asgard II*?

- 2 Cathain a tharla an tubaiste don long seoltóireachta, *Asgard II*?
- 3 Cé a cheannaigh an bád nua traenála?
- 4 Cé mhéad duine a bheidh faoi oiliúint ag aon am amháin?
- 5 Cén freagra atá agat ar an gceist san abairt dheireanach den sliocht?

Sa ghreille thíos tá roinnt téarmaí a bhaineann le cúrsaí seoltóireachta agus farraige. An féidir libh iad a mheatseáil le chéile?

1	cé	A	tonnta móra
2	halmadóir	B	bun na farraige
3	téad	C	an crann mór ar bhád
4	deic	D	uisce ciúin ar chasadh taoide
5	grinneall	E	gléas chun an stiúir a chasadh
6	crann seoil	F	rópa
7	carraig	G	cloch mhór san fharraige
8	bristeacha	H	caladh/cuan
9	criú	J	urlár ar bhád
10	maoltaoide	K	foireann

Grace O'Malley – Banríon!

Ba thart ar an mbliain 1530 a rugadh Grace O'Malley (Gráinne Ní Mháille), ceannaire ríshliocht Uí Mháille in iarthar na hÉireann – agus iníon le Dubhdara Ó Máille.



De réir na scéalta béaloidis, thuill sí cáil stairiúil sa séú haois déag agus thugadh an-chuid daoine 'Banríon na bhFoghlaithé Mara' (*The Queen of the Pirates*) mar leasainm uirthi.

Agus í sna déaga, dúradh gur bhearr Gráinne a cuid gruaige, sa chaoi go mbeadh sí cosúil le buachaill – ionas go mbeadh sí in ann sleamhnú isteach ar cheann de bháid a hathar. Níor thug a hathair cead di teacht ar bord, mar mheas sé go dtiocfadh mí-ádh air de bharr bean a bheith ar an long! Ba mar gheall ar a cuid gruaige a bhearradh a tugadh an leasainm Gráinne Mhaol uirthi. Ar deireadh thiar, thug a hathair cead di teacht ar aistir thrádála agus níorbh fhada go raibh sí ina mairnéalach ceart.



Ag aois a sé bliana déag pósadh Gráinne le Dónal Ó Flaithearta, mac Ardfhlaith Chlann Uí Fhlaithearta, a mbeadh post an Ardfhlatha ag dul dó ar ócáid bhás a athar. Ba phósadh sona é ó thaobh na polaitíochta de. Lean Gráinne uirthi ag foghlaim faoi chúrsaí seoltóireachta agus tradála agus sula i bhfad cuireadh i bhfeighil chabhlaigh Uí Fhlatharta í.

Níorbh fhada gur thuill sí meas na bhfear a bhí faoina cúram. Ach naoi mbliana déag tar éis an phósta, maraíodh Dónal agus é i mbun cogaidh.

De réir dlíthe in Éirinn ag an am, bhí Gráinne i dteideal roinnt d'eastát a fear céile a fháil. Ach dhiúltaigh teaghlach Uí Fhlaithearta é sin di. Dá thoradh sin, ní raibh aon dul as aici ach imeacht le grúpa dá cairde dílse. Ba cheannaire anois í ar dhá chéad fear agus í ina captaen ar chabhlaigh rámhlong. Deirtear gur iompair sí amhais ó Albain chuig fostóirí Éireannacha – agus go ndéanadh sí creach ar chuid d'oileáin na hAlban le linn di a bheith ar an bhfarraige.

Faoi dheireadh d'fhill sí ar a muintir féin agus, ar bhás a hathar fágadh a impireacht loingseoireachta

aici. Pósadh ina dhiaidh sin í le Richard Burke, rud a chabhraigh léi greim daingean a fháil ar chósta iarthar Éireann. Ba faoi Sheandlí na hÉireann a pósadh iad *for one year certain* – agus tar éis na bliana sin, thréig sí Richard agus choinnigh sí seilbh ar an gcaisleán.

Le himeacht na mblianta bhí Gráinne ag troid i gcoinne na Sasanach, a bhí ag glacadh seilbhe ar chodanna de thalamh na hÉireann – agus ag laghdú a cuid cumhachta féin.

Sa bhliain 1593, nuair a gabhadh a beirt mhac agus a leathdheartháir ar orduithe Sir Richard Bingham, gobharnóir Sasanach Chonnacht, sheol Gráinne go Sasana agus chuaigh sí díreach go Pálás Greenwich, áit ar iarr sí ar an mBanríon Eilís I an triúr a scaoileadh saor. Nuair a casadh ar a chéile iad, dhiúltaigh sí glan sléachtadh os comhair na

Banríona – mar nach bhféadfadh sí aitheantas a thabhairt di mar bhanríon.

Ina ainneoin sin, aontaíodh go scaoilfí na fir saor agus go mbainfí a phost de Sir Richard Bingham – ar an gcoinníoll go n-éireodh Gráinne as a bheith ag tacú le reibiliúin na dtiarnaí Éireannacha. Ar ndóigh, ba bheag beann a thug Gráinne ar an gcoinníoll sin nuair a throid sí go fíochmhar i gcoinne na Sasanach le linn Chogadh na Naoi mBliana!

Deirtear go bhfuair sí bás i gCaisleán Charraig an Chabhlaigh, Contae Mhaigh Eo sa bhliain 1603.

ríshliocht = líne ríthe *dynasty*

foghlaí mara = píoráid *pirate*

ardfhlaith = ardcheannaire **rámhlong** *galley*

cabhlaigh = loingseas cogaidh *fleet*

amhas *mercenary*

creach = slad *plunder* **loingseoireacht** *shipping*

sléacht *bow*

Tasc duit

Cad é do thuairim faoi Ghráinne Ní Mháille? Bunaithe ar a bhfuil d'eolas sa sliocht, scríobh alt gairid ag léiriú do thuairime.

Uimhreacha!



Is iomaí teoiric atá ann faoi uimhreacha. Creideann daoine áirithe go mbíonn mí-ádh ag baint leis an uimhir 13. Tá daoine eile ann a chreideann a mhalairt ghlan, áfach. Déantar go leor cainte faoi na huimhreacha 3 agus 7 leis. Ba mhinic a dhéantaí gníomhartha **faoi thrí** sna scéalta béaloidis, mar shampla. Agus bhíodh tábhacht ar leith ag baint leis an uimhir 7 sna scéalta sin freisin.

Leagtar béim ar uimhreacha i reiligiúin éagsúla ar fud an domhain. Ar ndóigh, níl aon dabht faoi ach go bhfuil tábhacht ag baint le huimhreacha áirithe sa Bhíobla – **trí** phearsa sa Tríonóid Ró-Naofa, mar shampla, **seacht** gcinn de shacraimintí agus **deich** gcinn d'Aitheanta.

Baintear úsáid as uimhreacha i ngach gné den saol, lá i ndiaidh lae – mar shampla: dátaí breithe, uimhreacha theileafóin, líon daoine i dteaghlach, uimhir do thí, d'Uimhir Seirbhíse Poiblí. Uimhreacha gan áireamh!

Ar ndóigh, bíonn mata mar ábhar ag gach dalta. Mar sin, caitheann tú roinnt ama gach lá ag plé le huimhreacha agus ag teacht ar thuiscint ar an tábhacht a bhaineann leo. Ach tá ceist agam ort: An bhfuil aon uimhir faoi leith fíorthábhachtach duit féin – agus, má tá, cén fáth?

teoiric *theory* **gan áireamh** *countless*
Tríonóid Ró-Naofa *Most Holy Trinity*
aithne ('aitheanta' san iolra) *commandment*

Obair Bheirte

Tugaigí faoi na tascanna seo thíos.

- 1 Freagraigí beirt an cheist a cuireadh san abairt dheireanach den sliocht.
- 2 Nach bhfuil sé spéisiúil go mbaintear úsáid as focail faoi leith sa Ghaeilge nuair a bhímid ag caint faoi dhaoine? An féidir libh daoine a chomhaireamh ó 1 go 12? Ar aghaidh libh! Déanaigí é sin.
- 3 Tá dhá fhocal eile sa Ghaeilge do na huimhreacha 2 agus 4 (seachas *beirt* agus *ceathrar*). An féidir libh smaoineamh orthu? An féidir libh iad a chur in abairtí?
- 4 Cuirigí na habairtí a scríobh sibh i gcomparáid leis na habairtí atá ag beirt eile sa rang.
- 5 Scríobhaigí na huimhreacha (idir lúibíní) sa sliocht seo a leanas amach i bhfocail.

Táim i mo chónaí in uimhir (22) agus cónaíonn mo chara in uimhir (104). Tá (2 : deartháir) agus (1 : deirfiúr) agam. Is breá linn ainmhithe agus, mar sin, tá (4 : madra), (7 : cat) agus (12 : iasc) órga againn. Is minic a dhúisím i lár na hoíche, ar a (2) a chlog, mar bíonn na cait ag troid, ach titim ar ais i mo chodladh roimh a (4). (0873214659) an uimhir theileafóin atá agam. Rugadh mé ar (22 : Márta 2006). Creid nó ná creid, rugadh mo Mham agus mo Mhamó ar an dáta céanna i mí an Mhárta – Mam sa bhliain 1984 agus Mamó sa bhliain 1944!

An hIarmhí abú!

Más as Contae na hIarmhí thú, bhí cúis mhaith áthais agat i mbliana!



Chuir Cumann Lúthchleas Gael tús le comórtas nua peile ag leibhéal sinsearach na bhfear i mbliana agus Corn Tailteann mar dhuais dó. Is comórtas é d'iomaitheoirí ó chontaetha nach mbaineann áit amach sna cluichí craoibhe.

Ba iad foirne na hIarmhí agus an Chabháin a bhuail le chéile sa chraobh i bPáirc an Chrócaigh Dé Satharn, an naoú lá d'Iúil.

Bhí comórtas maith ann, ach sa deireadh bhí an bua ag foireann na hIarmhí agus an scór ag 2-14 i gcoinne 1-13. Nach ar mhuintir na hIarmhí a bhí an lúcháir agus an chéad Chorn Tailteann a bhí riamh ann ina seilbh acu!

Ó 31 Iúil go dtí 7 Lúnasa chuir muintir na hIarmhí fáilte roimh cheoltóirí traidisiúnta ó chian is ó chongar ag Fleadh Cheoil na hÉireann ar an Muileann gCearr. Is féidir le muintir na hIarmhí a bheith fíorbhródúil

astu féin, mar d'éirigh chomh maith sin leis an ócáid gur socraíodh go mbeadh Fleadh 2023 ar an Muileann gCearr arís freisin.



Agus cad as do Rós Thrá Lí 2022? As an Iarmhí! Níor chreid Rachel Duffy é nuair a glaoth amach a hainm mar bhuaiteoir ar an oíche mhór i gCiarraí ar 23 Lúnasa! As Baile an Bhric Óig Rachel agus ba bhua stairiúil é seo, mar ba é sin an chéad uair riamh a bronnadh an gradam ar bhean ón gcontae!

iomaitheoir = duine i gcomórtas *competitor*
cluiche craoibhe *championship game*
cad as = cárb as

Obair Bheirte

An féidir libh na hanagraim thíos a scaoileadh? Tá siad ar fad bunaithe ar fhocail sa sliocht.

orcn sór aatlhnie lehcár
 nnfroiea íarrcia hsatrna satcmóor
 chbroa órcs aub naasúl blheis




Ainm cáiliúil

Is beag duine in Éirinn nár chuala trácht ar Mhícheál Ó Coileáin nó Michael Collins. Tá cáil air mar gheall ar an bpáirt a ghlac sé i stair na hÉireann – mar shaighdiúir, mar pholaiteoir agus mar cheannaire. Maraíodh é ag Béal na Blá i gContae Chorcaí sa bhliain 1921 agus rinneadh comóradh ar a bhás ag ócáidí éagsúla ar fud na tíre anuraidh. Ar ndóigh, rinneadh scannán faoi agus is iomaí duine a d'fhoghlaim go leor faoi stair na tíre seo ón scannán sin.

Ach an bhfuil mórán daoine in Éirinn inniu agus an t-ainm Michael Collins orthu? Creid nó ná creid, theastaigh ó úinéir theach tábhairne i mBaile Níos i gCorcaigh é sin a fháil amach. Tháinig sé ar phlean. Mar chuid d'fhéile an tsamhraidh a bhí ar siúl sa bhaile beag, gheall sé pionta Guinness saor in aisce do gach duine a thiocfadh isteach chuige ar 21 Lúnasa, le cruthúnas gurbh é Michael Collins ab ainm dó. Cé mhéad duine a tháinig isteach? 75!

Agus ina measc siúd babaí beag ceithre mhí d'aois. Níor tugadh aon Guinness dó siúd!

Bainigí triail as seo anois! (Freagraí lch deireanach)



Trasna

- 1 scéim, seift (5)
- 6 cuid, píosa (5)
- 7 clú (4)
- 9 fianaise (9)
- 12 séasúr te (uaireanta!) (8)
- 13 an duine ar leis/léi rud nó áit (6)
- 14 an t-ochtú cuid de ghalún (6)
- 15 cuntas ar imeachtaí fadó (5)

Síos

- 1 Teachta Dála, mar shampla! (10)
- 2 fleá (5)
- 3 cathair i gCúige Mumhan (8)
- 4 ceiliúradh (8)
- 5 rud a fheictear sa phictiúrlann! (7)
- 8 leanbh (5)
- 10 duine in arm na tíre (10)
- 11 treoraí, duine i gceannas (9)

Bígí ag caint!

Taithí Oibre agus CV

Bíonn gá le Curriculum Vitae chun cur isteach ar phost. Mar sin, líon isteach an fhoirm seo thíos.

Sloinne	
Ainm	
Seoladh baile	
Seoladh scoile	
Dáta breithe	
Uimhir ghutháin	
Seoladh ríomhphoist	
Ábhair agus torthaí sa tSraith Shóisearach	
Caitheamh aimsire	
Grada(i)m a bhain mé amach	
Taithí oibre	
Eolas breise	

Bíonn deis san idirbhliain scileanna nua a fhoghlaim. Léigí na habairtí thíos agus freagraí gí na ceisteanna a ghabhann leo.

- 1 Tá mé bródúil asam féin. Ní raibh mórán suime sa spórt agam riamh, ach thosaigh mé ag imirt peile le foireann áitiúil i mí Dheireadh Fómhair. Bhuamar cluiche i gcoinne club eile an tseachtain seo caite! An bhfuil suim agat sa spórt? Cén cluiche a imríonn tú?
- 2 Ní raibh mórán suime agam sa spórt riamh,

ach sé seachtaine ó shin thosaigh mé féin agus mo chara ag rith gach lá. Bíam ag súil leis sin anois agus motháim iontach saor amuigh faoin aer. An dtaitníonn rith leatsa?

- 3 Bíonn m'aintín ag fíodóireacht (*weaving*) go minic agus tá seol (*loom*) dá cuid féin aici. Cúpla seachtain ó shin d'fhoghlaim mé na bunscileanna uathí. Bhí mé an-tógtha leis mar cheird agus tá na dathanna a úsáideann m'aintín fíorálainn. An raibh deis agat triail a bhaint as fíodóireacht riamh?
- 4 Tá club óige inár gceantar agus d'iarr mo chol ceathrar orm dul ann leis. Táim ag baint taitnimh as anois agus buailim le go leor daoine óga ann. An bhfuil tusa i do bhall de chlub óige?
- 5 Cónaím cois farraige agus tá club seoltóireachta do gach aoisghrúpa againn. Thosaigh mé ag seoltóireacht nuair a bhí mé sa dara bliain agus anois tá mé in ann seoltóireacht a mhúineadh do dhaoine óga. An ndeachaigh tusa ag seoltóireacht riamh?



- 6 Ní bhíodh mórán daoine ag baint úsáide as an leabharlann sa scoil seo. Labhair mé leis an bpríomhoide faoi agus anois tá mé féin agus cúpla duine de mo chairde ag iarraidh ord agus eagar a chur ar na leabhair. Táimid ag súil go gcuirfimid seirbhís leabharlainne ar fáil go luath. An maith leat léitheoireacht?
- 7 Ní raibh mé riamh sa Ghaeltacht, ach is breá liom Gaeilge a labhairt agus, mar sin, thosaigh mé féin agus mo chairde club Gaeilge ag am lóin. Tá seasca ball againn agus bainimid an-súp as! An maith leat Gaeilge a labhairt?
- 8 Is breá liom damhsa, ach ní bhíonn deis damhsa againn ar scoil. Tá mé féin agus mo chara ag smaoineamh ar chlub damhsa a thosú ag am lóin. Céard a cheapann tú faoin smaoineamh sin?
- 9 Tá go leor daltaí sa scoil seo a sheinneann ceol gaelach. Is breá liomsa an fhidil a sheinm. An dóigh leat go bhféadfaimis grúpa ceoil thraidisiúnta a bhunú sa scoil seo?

Corr!

I ngach ceann de na sraitheanna focal thíos tá focal **corr**. Ag obair in bhur mbeirteanna piocaigí amach an focal a cheapann sibhse a bheith **corr** agus tugaigí cúis le bhur rogha.

- sacar geansaí liathróid cúl
- bosca airgead cuntas póca
- bialann cupán anraith arán
- leabharlann iasacht leabhair léitheoir ríomhaire

Dallamullóg! Níl aon fhreagra ceart sna liostaí thuas! Anois bíodh argóint mhaith agaibh faoi bhur gcuid freagraí!

Ceist: Céard é féin?

Chomh hard le falla

Chomh dearg le fuil

Chomh bán le bainne

Chomh milis le mil!

Leid – freagra sa phictiúr!



Rabhlóg daoibh!

Cé chomh tapa agus is féidir libh an rabhlóg thíos a rá?

An bhfaca tú an bacach,
nó an bhfaca tú a mhac?
Ní fhaca mé an bacach
is ní fhaca mé a mhac,
ach dá bhfeicfinnse an bacach
nó dá bhfeicfinnse a mhac,
ní bhacfainn leis an mbacach
is ní bhacfainn lena mhac!

Trup, trup a chapailín!

Is díol spéise do thurasóirí na cóistí capaill a chuirtear ar cíos chun turas a dhéanamh in *Central Park*, Nua-Eabhrac. Tá feachtas ar bun faoi láthair chun deireadh a chur leo agus cóistí leictreacha a chur ina n-áit. Tá an polaiteoir, Robert Holden, taobh thiar de bhille a chuirfeadh cosc ar na cóistí capaill ó mhí an Mheithimh 2024 dá m-éireodh leis.

Deir lucht tacaíochta an bhille go bhfuil sé dainséarach agus cruálach na capaill a bheith ar shráideanna Manhattan. Ní hamháin sin, ach cruthaíonn siad fadhbanna sábháilteachta don phobal.



Deir daoine atá i gcoinne an bhille go dtugtar aire mhaith do na capaill. Tá ceithre stábla ann dóibh, déantar tástálacha fisiceacha orthu agus tugtar vacsaíniú agus cúram fiaccla dóibh. Bearrtar a gcrúba agus athraítear a gcrúite gach sé seachtaine nó mar sin. Agus bíonn saoire cúig seachtaine ar fheirm acu leis.

díol spéise = ábhar suime trup = torann le cosa
cóiste coach crúb hoof
crú = bróg iarainn ar chapall

Taighde ar líne daoibh!

- 1 Aimsígí an praghas a bhíonn ar thuras i gcóiste capaill i Nua-Eabhrac.
- 2 An mó duine ar féidir leo taisteal i gcóiste amháin?
- 3 Aimsígí roinnt eolais faoi Stábla Clinton Park, Nua-Eabhrac.

Max Glic!

Bhuaigh an tiománaí *Formula 1*, Max Verstappen, *Grand Prix* na hIodáile in Monza ar 11 Meán Fómhair. i gcarr RB18. Ní raibh cuid den lucht leanúna sásta le deireadh an rása, áfach. Léirigh siad a míshástacht le faíreach agus le feadaíl agus chuir daoine eile a gcuid díomá in iúl ar *Twitter*.



Cad a tharla sa rás, pé scéal é? Stad tiománaí Ferrari, Charles Leclerc, den dara huair chun athrú boinn a fháil agus tháinig sé amach as an sloc 18 soicind taobh thiar de Verstappen.

Ach bhris carr McLaren, Daniel Ricciardo, síos ar chuaird 47 agus baineadh feidhm as an gcar sábháilteachta fíorúil. Ciallaíonn sé sin go raibh ar gach carr moilliú go luas sábháilte agus ní raibh cead acu scoitheadh. Níor thug an FIA (Bord Rialaithe don Mhótarspórt) cead an rás a atosú ar an gcuard d'heireanach agus bhuaigh Verstappen an rás, díreach taobh thiar den charr sábháilteachta!

Seachas an bua sin, a chuir frustrachas ar go leor daoine, tá Verstappen ag cruthú go maith le déanaí agus bhuaigh sé aon rás déag as sé cinn déag go deireadh mhí Mheán Fómhair. Anuas air sin tá na pointí is mó tuillte aige do na cuarda is tapúla an séasúr seo!

Níl Max ach cúig bliana is fiche d'aois. Tiománaí *Formula 1* ab ea a athair, Jos Verstappen, freisin. As an mBeilg a mháthair, Max, agus ón Ísiltír a athair. Ar son na hÍsiltíre a thiomáineann Max. Anuraidh rinneadh mearscaipeadh ar amhrán a lucht leanúna, *Super Max*, le *The Pitstop Boys*.

faíreach *booing* **bonn** *tyre* **sloc** *pit* **cuaird** *lap*
fíorúil *virtual* **moilliú** *slow down*
scoitheadh *overtake*
mearscaipeadh = **scaipeadh tapa**

Tasc duit!

Aimsigh 10 bhfocal sa sliocht a bhaineann le mótarspórt.

Arlo an Cheoil

Ní ainm róchoitianta é Arlo Parks, ach tá ar a laghad ceithre shingil déag eisithe ag an mbean óg seo ón mbliain 2018 – agus, sa bhliain 2021, d'eisigh sí an t-albam *Collapsed in Sunbeams*, a chuaigh go huimhir a trí i gcairteacha albaim Shasana agus a bhuaigh Duais Mercury chomh maith!



Chan Arlo ag mórfhéilte *Glastonbury* agus *Latitude* sa bhliain 2019 agus thug an láithreoir teilifíse, Graham Norton, cuireadh di teacht ar a sheó anuraidh. Dá thoradh sin, fostaíodh Arlo mar cheoltóir tacaíochta do Harry Styles agus Billie Eilish i mbliana.

Anais Marinho an t-ainm a tugadh ar Arlo nuair a rugadh i Londain í sa bhliain 2000. I Mí Mheán Fómhair na bliana seo chuir sí na ceolchoirm-eacha a bhí pleanáilte aici sna Stáit Aontaithe ar ceal toisc í a bheith buartha faoina meabhair-shláinte.

Ceist duit

Céard a rinne Arlo Parks sna blianta thíos?

2018 2019 2021 2022

Spiderman na Fraince!

Cad a rinne tú ar do bhreithlá deireanach? Ar oscail tú bronnantais? Ar ith tú cáca? An ndeachaigh tú amach le do chairde? Ní dhearna Alain Robert aon rud den sórt sin! Chun a sheascadú lá breithe a cheiliúradh, dhreap sé foirgneamh 187 méadar ar airde i bPáras – gan aon trealamh, ach amháin mála cailce púdraithe chun smacht a chur ar a chuid allais! Dar leis féin, is féidir spórt a imirt ag aon aois. Tig le gach duine a bheith aclaí agus rudaí dochreidte a dhéanamh.



Bhí aidhm eile ag Alain seachas a bhreithlá a cheiliúradh, ar ndóigh. Theastaigh uaidh cur le heolas an phobail faoi athrú aeráide. Is ailleadóir cáiliúil é agus tá foirgnimh agus struchtúir eile ar fud an domhain dreaptha aige – *Burj Khalifa* in Dubai, *Túr Eiffel* agus *Golden Gate Bridge* in San Francisco ina measc. Faraor, is minic a dhreapann sé gan chead – agus gabhtar é go minic, mar sin!

gabh *arrest* **ailleadóir** = **duine a dhreapann aillte**

Le plé!

- 1 Cén chaoi a raibh breithlá Alain difriúil?
- 2 An aontaíonn tú lena thuairim faoi aois daoine?
- 3 An dóigh leat gur éirigh le hAlain cur le heolas an phobail faoi athrú aeráide?
- 4 Scríobh alt faoina chuid gaisce go léir.

Hollywood

Tá radhairc iocónacha ar fud na cruinne a aithníonn daoine láithreach. Ceann díobh siúd is ea an fógra mór bán a deir *Hollywood*. Suite i Sléibhte Santa Monica taobh amuigh de Hollywood, California, cuirfear péint nua ar an bhfógra go luath sula mbíonn sé céad bliain d'aois. Tá deich mbliana ann ó peinteáladh é!



Ach an raibh na fíricí seo ar eolas agat?

- *Hollywoodland* a bhí sa chéad fhógra a crochadh ann sa bhliain 1923.
- Tá gach litir 45 troithe ar airde.
- Úsáidfear 1,510 lítear péinte chun an phéinteáil a dhéanamh.
- Tógfaidh sé ocht seachtaine an fógra a phéinteáil.
- Sa bhliain 2022 soilsíodh dathanna an bhogha ceatha ar an bhfógra chun Mí an Bhróid a cheiliúradh.

iocónach *iconic* **cruinne** = domhan

Picnic Leictreach go deo!

D'fhreastail tuairim is 60,000 duine ar *Electric Picnic* i gContae Laoise anuraidh. Chuir Denise Chaila tús leis an seó ar an bpríomhstáitse agus dúirt sí gurbh onóir di a bheith ann ag oscailt an deireadh seachtaine ceoil. Chríochnaigh Dermot Kennedy an oíche lena ghiotár fuaimiúil, tar éis a amhráin *Better Days* agus *Someone to Someone* a chanadh.

Bhí sé stáitse ann i mbliana agus chan grúpaí cáiliúla ar nós *Arctic Monkeys* agus *Snow Patrol* orthu – chomh maith le hamhránaithe aonair ar nós an rapálaí KhakiKid ó Chromghlinn, Little Simz ó Londain agus Gus Dapperton ó Nua-Eabhrac.

Cuireadh feabhas ar na háiseanna i mbliana le hionad campála 'airgid' nua ina raibh luchtú agus ceathanna teo ar fáil saor in aisce.

Tar éis na gceolchoirmeacha go léir chuaigh baill de charthanacht ó Phort Laoise go dtí an láthair agus bhailigh siad idir 500 agus 600 mála codlata, a bhí fágtha ina ndiaidh ag daoine a d'fhreastail ar na ceolchoirmeacha.



D'iarr an charthanacht cabhair ar mhuintir na háite chun na málaí codlata a ní agus a thriomú ina dtithe féin. Tabharfar na málaí do dhaoine gan dídean le linn an gheimhridh.

ceathanna = uimhir iolra de 'cith' *shower*
luchtú *charging (of batteries)* **carthanacht** *charity*

Bí ag smaoineamh!

- Ar chuala tú aon ní faoi *Electric Picnic* i mbliana? Scríobh alt faoi agus léigh amach don rang é.
- An mbeadh suim agat freastal ar an b*Picnic* Leictreach amach anseo? Cén fáth?
- Cé hiad na ceoltóirí ar mhaith leat a fheiceáil ag seinm ann?

Mairnéalach cróga!

Bhíodh Pat Lawless i gcónaí ag taibhreamh go ndéanfadh sé rás aonair i mbád seoil timpeall an domhain! Brionglóid ollmhór dodhéanta, a deir tú?

Níor cheap Pat riamh go raibh an bhrionglóid dodhéanta, áfach, mar ba é a Dhaid an chéad Éireannach a rinne timpeallú aonair na cruinne sa bhliain 1996 agus é seachtó bliain d'aois!



Chuir Pat, atá 66 bliana d'aois anois, tús lena pháirt sa *Golden Gate Race* ar 4 Meán Fómhair anuraidh nuair a d'fhág sé an Fhrainc. Seolfaidh sé féin agus dháréag iomaitheoirí eile 30,000 míle

i dtréimhse naoi mí, gan aon teicneolaíocht nua-aimseartha ar bord. Tá an cúrsa iomlán le feiceáil ar léarscáil ar www.goldengloberace.com/the-route.



Deirtear gurb é an rás seo an ócaid spóirt is faide agus is uaigní ar an bpláinéad! Dar le Pat féin, is iad an dá dhúshlán is mó a bhaineann leis an rás ná a chumas mairnéalachta agus an méid ama atá le caitheamh aige ina aonar.

Creid nó ná creid, tá Pat tar éis a chuid trealamh olaphéinteála agus canbhás a thabhairt leis ar an mbád – ag súil go mbeidh deis aige an fharraige a phéinteáil le linn a aistir. Cad eile a dhéanadh sé!

mairnéalach *sailor* **taibhreamh** = **brionglóideach**
olaphéinteáil *oil-painting*

Taighde duit!

Téigh go www.goldengloberace.com agus aimsigh freagraí na gceisteanna seo.

- Cad as do Pat?
- Ainmnigh dhá phost a bhí aige.
- Cá gcónaíonn sé anois?
- Aimsigh ainm a bháid.

Dúil agat sa tseacláid?

Geal nó dorcha?
Barra nó bosca? Tá dúil mharfach ag na mílte daoine sa tseacláid agus feictear í aimsir na Nollag agus um Cháisc ach go háirithe nuair a dhíoltar tonnaí seacláide.



Le déanaí bhris trioblóid amach idir dhá ghnó a dhéanann coiníní seacláide! Dhíoltaí coinín cáiliúil amháin i bhfillteán órga le ribín dearg agus cloigín timpeall ar a mhuineál. Dhíoltaí coinín eile, atá an-chosúil leis an gcéad cheann, ach ribín glas air, i siopaí áirithe ar phraghas i bhfad ní ba shaoire.

Ní raibh muintir an chéad choinín sásta leis an scéal agus tógadh cás cúirte i gcoinne an chomhlachta eile chun deireadh a chur leis an dara coinín. D'ordaigh breitheamh san Eilvéis go gcaithfí stop a chur le díolachán na gcoiníní a raibh an ribín glas orthu agus gur ghá an stoc a scriosadh trí é a leá nó an tseacláid a úsáid ar bhealach éigin eile.

An Eilvéis *Switzerland*

Tuilleadh Taighde!

- Téigh ar líne agus faigh amach cén dá chomhlacht atá i gceist.
- An aontaíonn tú leis an mbreitheamh? Cén fáth?
- An dtaitníonn seacláid leat?
- An bhfuil aon scéal eile den sórt céanna ar eolas agat? Má tá, inis don rang é!

Laoch Gaelach ón Iaráic!

Tharraing an láithreoir teilifíse, Tommy Tiernan, aird mhuintir na hÉireann ar Semaco Moradi cúpla mí ó shin. Rugadh Semaco san Iaráic, ach tháinig sé go hÉirinn nuair a bhí sé aon bhliain déag d'aois.

D'fhreastail sé ar bhunscoil i gCora Droma Rúisc, Contae Liatroma agus tugadh an leasainm, Zak, air. D'imir sé peil agus iománaíocht le club Naomh Muire. Tar éis dhá bhliain, bhog an teaghlach go Tamhlacht, i mBaile Átha Cliath.



Ní raibh saol rómhaith ag muintir Zak. B'éigean do dheirfiúracha a mháthar, dul go dtí an tSualainn agus an Danmhairg agus d'imigh deartháireacha a mháthar go dtí an Iorua agus Sasana. Anuas air sin, bhí ar ghaolta a athar dul go dtí an Astráil agus an Nua-Shéalainn.

B'éigean dóibh go léir a dtír a fhágáil le linn ré Saddam Hussein agus tar éis do Mheirceá ionradh a dhéanamh ar an Iaráic. "Ní raibh aon dul as againn ach dul pé áit ar sheol na Náisiúin Aontaithe sinn," arsa Zak.

I Mí an Mheithimh 2019, bhí Zak ina bhall d'fhoireann Chontae Liatroma, a bhuaigh Corn Lory Meagher i bPáirc an Chrócaigh – i gcoinne Lancashire, ar an scór 2-23 go 2-22.

Ta Zak fós ina chónaí i dTamhlacht, ag traenáil páistí agus ag imirt le Club Thomáis Dáibhís. Tá sé buíoch go raibh baint aige le Cumann Lúthchleas Gael, a chabhraigh leis obair a fháil in Éirinn.

an Iaráic *Iraq* **ré = tréimhse**
ionradh *invasion*

Obair Bheirte – Aisteoireacht!

- Lig ort gur láithreoir teilifíse thú agus cuir ceisteanna ar dhéagóir – i.e., duine eile i do rang – a tháinig go hÉirinn le déanaí, mar dhea.
- Is déagóir thú a d'fhág do thír dhúchais le déanaí, ach labhraíonn tú Gaeilge, ar ndóigh! Freagair ceisteanna a chuireann láithreoir teilifíse – i.e., duine eile i do rang – ort!

Athrú chun na maitheasa

"Ainmníodh mé mar billiúnaí san iris *Forbes* agus chuir sé sin olc orm," a dúirt Yvon Chouinard le déanaí. Shamhlófa go gcuirfeadh an stádas sin gliondar ar dhuine, ach ba é an t-ainmniú sin a spreag Yvon chun rud éigin radacach a dhéanamh.



Fuair sé réidh leis an gcomhlacht *Patagonia*, a rinne billiúnaí de! Dhéanadh *Patagonia* fearas

spóirt do chaitheamh aimsire – surfáil, dreapadóireacht, sciáil, clársciáil agus iascaireacht slaite le cuileog, mar shampla.

Ina dhiaidh sin, bhunaigh Yvon comharghnó, a bheadh ag faire go dtabharfaí brabús an chomhlachta d'eagraíochtaí a throidfeadh in aghaidh athruithe aeráide agus a chosnódh an dúlra agus an bithéagsúlacht. Ceaptar go mbeidh brabús \$110 milliún in aghaidh na bliana i gceist!

Deir sé nár theastaigh uaidh riamh a bheith ina fhear gnó. Thosaigh sé ag déanamh fearas dreapadóireachta dá chairde agus ansin rinne sé éadaí. D'úsáid sé ábhair a dhéanadh ní ba lú dochair don timpeallacht. Sa bhliain 2018 d'úsáid a chomhlacht nua, *Patagonia*, an mana: "Is é an polasaí atá againn ná ár bpláinéad a shábháil." Dar leis féin, má dhéanaimid an rud ceart, tarlóidh rudaí maithe.


comharghnó *collective*
bithéagsúlacht *biodiversity*

Tasc duit

Le cabhair ón idirlíon agus ón sliocht thuas, scríobh alt gearr faoi Yvon Chouinard.

Teas bocht!

Mí Lúnasa anuraidh, mhothaigh mé teas bocht den chéad uair riamh. Ba dheacair dom análú agus ní



raibh fuinneamh ionam aon rud a dhéanamh, gan trácht ar aclaíocht. Mhothaigh mé an t-aer trom agus bhí tuirse thar na bearta orm.

An oíche ba mheasa, ní raibh mé ábalta codladh a fháil, ach mé ag casadh siar is aniar ag iarraidh faoiseamh a fháil ón teas. Bhí an t-ádh orainn in Éirinn go raibh cúpla oíche ann agus aimsir fhionnuar ann. Oícheanta mar sin, dá rachainnse amach, bheadh orm geansaí a chur orm. Ach níorbh ionann sin agus a bheith

sa seomra leapa. Bhí insliú iontach sa teach agus, fiú ar na hoícheanta sin, ní bhíodh faoiseamh le fáil chun codlata. Os cionn 30° Celsiur a bhí an teocht cuid den am. Dochreidte!

Ach ní cóir dom a bheith ag gearán. Ba cheart dom éirí cleachta leis. Is mar sin a bheidh an scéal amach anseo, más fíor d'eolaithe agus do shaineolaithe a bhíonn ag caint faoi athrú aeráide.

teas bocht = teas uafásach

fionnuar *fuacht deas*

fuinneamh = neart

thar na bearta = millteanach

insliú *insulation* **aclaíocht = cleachtadh coirp**

Ceisteanna duit

- 1 Cén teocht a bhí ann le linn an tsamhraidh?
- 2 Cad é an teocht ab airde a bhí in Éirinn riamh? (Téigh ar an idirlíon!)
- 3 Mínigh *athrú aeráide*.
- 4 Oibrigh amach na focail seo a leanas, ina bhfuil na litreacha measctha suas:
cheío seat loadchd mashaeiof
- 5 Luaigh roinnt samplaí d'aclaíocht.
- 6 Smaoinigh ar chúig fhocal a bhaineann le hathrú aeráide, a thosaíonn leis an litir **t**.

Cad is bruscar ann?

Bíonn an-chuid cainte ann faoi athchúrsáil na laethanta seo. Feictear liostaí ar bhoscaí athchúrsála d'ábhair ar féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu. Deirtear gur gá scagadh a dhéanamh idir ábhar in-athchúrsáilte, bruscar agus múirín. Cloisimid faoi bhuidéil phlaisteacha



sna farraigí agus faoin mbaol a bhíonn iontu d'éisc. Moltar dúinn buidéil ghloine a úsáid agus airgead a fháil ar ais orthu mar a tharlaíodh na blianta fada ó shin.

An ionann sin is a rá go bhfuil a fhios againn cad iad na hábhair is féidir a athchúrsáil agus na cinn nach féidir. Cad a dhéanfa, mar shampla, dá bhfaighfeá litir, a raibh fuinneog bheag phlaisteach inti? An gcaithfeá sa bhosca bruscair nó sa bhosca athchúrsála í? Céard faoi bhosca plaisteach uill le giota beag dubh greamaithe ar an taobh istigh de? An gcuirfeá an t-iomlán sa bhosca athchúrsála nó sa bhosca bruscair? Nó an scarfa an dá ábhar ó chéile le cur sa bhosca ceart? Sin an rud ar cheart duit a dhéanamh, creid nó ná creid! Má bhí sé sin ar eolas agat, maith thú!

in-athchúrsáilte *recyclable* **múirín** *compost*

Obair duit

- 1 Breac síos trí phíosa eolais faoi athchúrsáil.
- 2 Cad ba chóir a dhéanamh le litir, a mbeadh fuinneog bheag phlaisteach uirthi?
- 3 Luaigh cúig rud ar féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu.
- 4 Ainmnigh cúig rud nár chóir a chur sa bhosca athchúrsála.
- 5 Déan taighde ar an idirlíon agus aimsigh roinnt eolais faoin oileán plaisteach atá ar snámh san Aigéan Ciúin (*Pacific Ocean*).
- 6 Aimsigh ceithre ainmfhocal sa sliocht a thosaíonn leis an litir **b**. I gcás gach ceann acu, abair an bhfuil sé baininscneach, firinscneach nó san iolra. Ansin cuir aidiacht le gach ceann acu.

leigheas duit!

Le fada an lá anois, ní chuirimse mórán suime i leigheasanna gnásúla. B'fhéarr i bhfad liom triail a bhaint as bianna, bláthanna inite agus luibheanna, mar a dhéantaí fadó. Níl mórán de ghairdín agam chun iad a fhás, ach ní ghlacann siad mórán spáis agus, de réir a chéile, thosaigh mé ag foghlaim faoi na luibheanna beaga draíochtacha seo.



An bhfuil a fhios agat go gcuidíonn miontas le tinneas boilg? Oibríonn sé fosta mar fhrith-athlastach. Má tharlaíonn aon ghortú duit ina mbíonn an ball coirp ataithe, cuidíonn miontas leat é a leigheas. De bharr na gcothaitheach atá ann, cuidíonn sé leis an gcóras imdhíonachta an corp a chosaint ar thinnis eile. Má bhriseann spotaí nó aicne amach ar d'aghaidh, cuidíonn miontas do chraiceann a choinneáil glan. Ní bhíonn le déanamh ach roinnt duilleog a ithe gach dara lá agus feicfidh tú biseach ag teacht ar na spotaí!

Má bhíonn slaghdán ort, glac cúpla duilleog miontais. Cabhróidh sé sin leat an slaghdán a chur díot, mar glanann sé an tsrón, an sceadamán agus na scamhóga. Tá tréithe frithbhaictéaracha ann freisin. Is é sin an fáth a mbíonn miontas i dtaos fiacra! Bain triail as miontas a fhás tú féin chun ceimiceáin a sheachaint. Tá sé an-éasca!


luibh = planda a úsáidtear mar leigheas *herb*
inite *edible* **gnásúil** = nósmar, coitianta
miontas *mint* **frith-athlastach** *anti-inflammatory*
cothaitheach *nutrient* **imdhíonacht** *immunity*
sceadamán = **scornach** **taos fiacra** *toothpaste*
frithbhaictéarach *anti-bacterial*

- 1 Luaigh trí rud a mbaineann an t-údar úsáid astu seachas leighis ghnásúla.
- 2 Cad a chabhraíonn le tinneas sa bholg?
- 3 Luaigh trí bhuntáiste atá ag miontas.
- 4 Luaitear go leor baill choirp sa sliocht thuas. Liostaigh ceithre cinn díobh.
- 5 Seo seanfhocal duit. An duigean tú é? *Níl luibh ná leigheas ar an mbrón ach é a mharú le foighne.*
- 6 Scríobh síos trí ainmfhocal, a gcuirtear (e)anna leo chun an t-íolra a dhéanamh.

Linseáil Bhrúidiúil

Is scannán cumhachtach é *Till*, faoi Mheiriceánach Afracach, ceithre bliana déag d'aois, a linseáladh go brúidiúil sa bhliain 1955 agus é ag tabhairt cuairte ar a chol ceathracha in Mississippi.

Leanann an scannán Mamie Till Mobley,



máthair Emmett, (an pháirt sin ag Danielle Deadwyler), agus í ag iarraidh ceart a fháil ar son a mic, Emmett (Jalyn Hall sa pháirt sin). Chinonye Chukwu a stiúir an scannán agus a scríobh an script freisin.



Scannán an-réadúil is ea *Till*. Cuireann sé eachtra uafásach i gcuimhne dúinn, a tharla níos lú ná seachtó bliain ó shin. Léiríonn Danielle Deadwyler go cruinn an chumhacht a bhí ag bean amháin, Mamie Till, an domhan a athrú mar gheall ar a tragóid phearsanta. Beidh *Till* le feiceáil sna pictiúrlanna i gceann seachtaine!

linseáil *lynch(ing)* **brúidiúil** *brutal, savage*
ceart = **cothrom na Féinne**

Líon isteach na bearnaí anseo

- 1 ceithre _____ déag d'aois (Alt 1)
- 2 ceart a _____ (Alt 2)
- 3 níos _____ ná seachtó bliain ó shin (Alt 3)



Tá an banna rac-cheoil Aslan, as Baile Átha Cliath, daichead bliain ar an mbóthar. Ba iad Christy Dignam, Joe Jewell, Billy McGuinness, Alan Downey agus Rodney O'Brien baill an ghrúpa nuair a bunaíodh é sa bhliain 1982.

Is é an príomhamhránaí, Christy Dignam, an duine is mó cáil sa bhanna agus, cé go bhfuil ailse fola air le fada an lá, bíonn sé fós ag canadh. Bhí díomá mhór ar an ngrúpa, nuair a bhí orthu cúpla ceolchoirm a chur ar ceal in Éirinn cúpla mí ó shin toisc Christy a bheith san ospidéal.

Is beag duine nár chuala amhrán clúiteach *Aslan*, *Crazy World*. Beidh seans agat an t-amhrán sin a chloisteáil beo, mar aon le leithéidí *Rainman*, *Where's The Sun?* agus *Goodbye Charlie Moonhead*, nuair a sheinnfidh an banna sa *Millennium Forum* i nDoire ar an gceathrú lá déag den mhí seo.

Fíor nó bréagach?

- 1 Tá *Aslan* daichead bliain ar an mbóthar.
- 2 Is é Christy Moore príomhamhránaí *Aslan*. (Alt 2)
- 3 Beidh *Aslan* ag seinm i mBéal Feirste ar 14 Eanáir. (Alt 3)

Craobh na Sé Náisiún

Beidh Corn an Domhain sa rugbaí ar siúl i mí Mheán Fómhair, ach roimhe sin, beidh Craobh na Sé Náisiún ag tosú an mhí seo chugainn!

Beidh Éire agus an Breatain Bheag ag imirt sa chéad chluiche, ar 4 Feabhra.

Ina dhiaidh sin, imreoidh lucht na ngeansaithe glasa in éadan na hAlban, na Fraince, na hIodáile agus Shasana! Féasta mór rugbaí romhainn!

Tá foireann na hÉireann ag barr an tábla i rangú rugbaí an domhain faoi láthair. Ina ainneoin sin, tá sé cúig bliana ó bhuamar Craobh na Sé Náisiún. Bhuamar an Chaithréim Mhór an bhliain chéanna, 2018. Má éiríonn linn an chraobh a bhreith linn i mbliana nuair a imreoidh in éadan Shasana ar 18 Márta, mairfidh Lá Fhéile Pádraig lá níos faide i mbliana!

Caithréim Mhór *Grand Slam*

Ceist agam ort!

- 1 Cén mhí a thosóidh Craobh na Sé Náisiún? (Alt 1)
- 2 An imreoidh Éire in éadan na Fraince sa chéad chluiche? (Alt 2)
- 3 Cathain a bhuaigh Éire Craobh na Sé Náisiún den uair dheireanach? (Alt 3)
- 4 Cé acu is fearr leat – peil ghaelach, iománaíocht, sacar ná rugbaí? Cad ina thaobh?

Seanéadaí Nua!

Tá comhlacht san Fhionlainn ag iarraidh an chaoi a ndéantar éadaí a athrú. Bhunaigh fear darb ainm Petri Alava an comhlacht *Infinited Fiber* chun éadaí a dhéanamh as teicstílí a rachadh amú de ghnáth trí iad a chur isteach i líonadh talún nó iad a dhó.



Déantar timpeall 92 milliún tonna de bhruscar teicstíle ar fud an domhain gach bliain. Baineann comhlachtaí ar nós *Infinited Fiber* ceallalós amach as seanteicstílí chun snáithín nua darb ainm *Infinna* a dhéanamh. Tá an snáithín nua seo an-chosúil le holann uain nó le cadás agus úsáidtear é chun éadaí nua a dhéanamh.

Is iad na comhlachtaí mearfhaisin agus, ar ndóigh, sinne a cheannaíonn na héadaí, is mó is cúis leis na milliúin tonnaí d'éadach agus teicstílí a théann amú gach bliain. Ceapann Petri Alava, áfach, go bhfuil suim ag na comhlachtaí mearfhaisin seo agus ag an nglúin óg na snáithíní athchúrsáilte a tháirgeann seisean a úsáid – agus go mbeidh siad an-choitianta laistigh de dheich mbliana nó mar sin.

ceallalós *celulose* **snáithín** *fibre*
mearfhaisean *fast fashion*

Fuascail na hanagraim seo ón sliocht!

hlochtcam (Alt 1)
náníhts (Alt 2)
sithgail (Alt 3)


Deireadh le Tayto Park!

Slán le Tayto Park agus fáilte roimh Emerald Park! Ba é Tayto Park an t-ainm a bhíodh ar an bpáirc théama agus ar an zú i gContae na Mí. Ba é sin an t-aon pháirc théama sa tír agus thagadh teaghlaigh agus daoine eile ó gach cearn den domhan chun dul ar an rollchóstóir agus ar na marcaíochtaí siamsa eile – agus le breathnú ar na hainmhithe sa zú.



Bhunaigh feirmeoir prátaí darbh ainm Raymond Coyle, a cailleadh anuraidh, an t-ionad sa bhliain 2010. Is é a mhac, Charles, an bainisteoir anois. Rinne seisean cinneadh gan baint a bheith ag an gcomhlacht Tayto leis an bpáirc a thuilleadh agus is é Emerald Park ainm na háite anois. Beidh rollchóstóirí agus ainmhithe nua ann feasta. Ar an drochuair, ní bheidh brioscáin Tayto ar fáil saor in aisce ann níos mó!

Crosfhocal daoibh anois!



Trasna

- 5 an saol mór, an _____ (6)
- 8 glasra a fhásann i bhfoirm tiúbair (5)
- 10 traein a théann suas is anuas san aer (12)
- 11 babhta pléisiúir (11)
- 12 an bhliain seo caite (8)
- 13 páirc phoiblí d'ainmhithe fiáine (2)

Síos

- 1 daoine atá mór leat (6)
- 2 lánúin agus a gclann (9)
- 3 píosa caol friochta de phráta (8)
- 4 duine i gceannas (11)
- 6 duine ar cuairt, turasóir (10)
- 7 níos mó, gan a bheith ann as seo amach feasta, a _____ (10)
- 9 féachaint (8)

Saoire na Bliana Nua

Tá an Nollaig ag druidim linn anois agus ní fada uainn an bhliain nua. Fiú mura mbíonn mórán airgid fágtha i do phota agat, ciallaíonn an euro láidir agus an steirling lag go bhfuil margaí ar fáil anois le dul ar laethanta saoire!



Má cheapann tú go bhfuil laethanta saoire gréine róchostasach nó róthe fiú, tig leat leas a bhaint as an euro láidir agus dul ar saoire ghairid sna Sé Chontae nó sa Bhreatain. Níl sé costasach taisteal ó thuaidh i gcarr, ar bhus nó ar thraein – agus is féidir bád a thógáil chun na Breataine nó eitilt réasúnta saor a fháil.

Áit álainn is ea Pevensey Bay in Sussex, mar shampla, agus tá tithe saoire ar fáil cois trá ar chostas réasúnta. Más fearr leat fanacht in Éirinn, tá faighneoga glampála ar fáil i gContaetha Fhear Manach agus Thír Eoghain – agus lochanna, sléibhte is coillte sna ceantair áille sin.

leas = buntáiste

faighneog ghlampála *glamping pod*


Tasc duit!

Dear (*design*) faighneog ghlampála chompordach ar mhaith leat féin fanacht inti. Cá mbeidh an fhaighneog ghlampála sin suite in Éirinn? Cén saghas ábhair a mbainfidh tú úsáid as? Céard a bheidh laistigh den fhaighneog agat?



Johnny. an Laoch

Sa bhliain 1994 chuir Ger Canning agallamh ar Johnny Pilkington os comhair Chaisleán Bhiorra. Iar-iománaí de chuid Chontae Uíbh Fhailí is ea Pilkington agus d'imríodh sé le foireann na sinsear.



Tharla go raibh an fhoireann le himirt i gcoinne Luimnigh i gCraobh na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Chuir Canning ceist ar Johnny faoin bplean ceiliúrtha a bheadh acu dá mbuafaidís. Dúirt Johnny go mbeadh neart ólacháin le déanamh acu. Is dócha go gcuirfeadh an freagra sin náire air inniu!

Faoi mar a thatla, bhí ábhar mór ceiliúrtha acu. Cé gur imir siad go maith sa chluiche sin in 1994, bhí Luimneach sé phointe chun tosaigh agus gan ach cúig nóiméad fágtha. Ar ndóigh, chreid lucht leanúna Luimnigh go raibh an lá leo. Ní mar a shíltear bítear, áfach! D'éirigh le Pilkington agus a fhoireann an bua a fháil!

Chuir an bua sin iontas ar lucht tacaíochta Chumann Lúthchleas Gael – agus beidh caint ann faoi éacht Uíbh Fhailí go ceann i bhfad fós. Rinne an fhoireann éacht eile sa bhliain 1998 nuair a bhuaigh siad ar Chill Chainnigh. B'in an chéad uair ar imir dhá fhoireann as Cúige

Laighean i gcoinne a chéile i gCraobh na hÉireann riamh!

Freagraí na ceisteanna thíos a bhaineann le hiománaíocht!

- 1 Cé mhéad duine a bhíonn ar fhoireann iománaíochta?
- 2 An dóigh leat go mbíonn an iomarca daoine ar an bpáirc? Conas?
- 3 Cén feisteas a bhíonn ar iománaí?
- 4 Cén cruth a bhíonn ar an liathróid?
- 5 Cá fhad a leanann cluiche?
- 6 An gcaitheann iománaithe aon fhearas cosanta?
- 7 Cén obair a dhéanann an réiteoir?
- 8 Ar gortaíodh réiteoir riamh? Conas?

Snúcar



Is fada an lá ón mbliain 1985, nuair a bhreathnaíodh beagnach fiche milliún duine, sa Bhreatain agus anseo in Éirinn, ar chluichí snúcair. B'in ré órga an chluiche agus thit daoine i ngrá le laochra ar nós Steve Davis, Dennis Taylor, Jimmy White, Stephen Hendry agus, ar ndóigh, Alex Higgins.

Ach thosaigh na laochra ag dul in aois agus ní raibh pearsantachtaí móra ag teacht chun cinn. Thosaigh daoine ag cailleadh suime sa chluiche. Maireann cluiche snúcair tréimhse sách fada. Mar shampla, mhair Craobh na Bliana 1985 beagnach cúig huaire déag an chloig!

Bhreathnaigh ceithre milliún go leith ar an gCraobh in Sheffield sa bhliain 2022. Titim dochreidte ó 1985! Is é Ronnie O'Sullivan,

prionsa an spóirt na laethanta seo. Imreoir sciobtha, contúirteach é Ronnie. Cé go bhfuil neart déanta aige ar son an chluiche, cloistear é freisin á cháineadh. Deir sé go mbíonn an cluiche rómhall. Ar ndóigh, is minic é ag argóint le réiteoirí agus le lucht riaracháin freisin.

Céard atá ar eolas agaibh faoi snúcar?

- 1 An mó duine a bhíonn ag imirt ag aon am amháin? An mbíonn foirne i gceist?
- 2 Cá n-imrítear snúcar?
- 3 Céard iad na dathanna atá ar na liathróidí?
- 4 Cad leis a mbuailtear na liathróidí?
- 5 Deirtear gur cluiche maith don teilifís é snúcar? An aontaíonn sibh leis sin? Cuirigí dhá chúis le bhur bhfreagraí.
- 6 An féidir snúcar a imirt ag aois ar bith?
- 7 An ngortaítear imreoirí snúcair go minic?
- 8 An cluiche straitéiseach é? Cuirigí dhá chúis le bhur bhfreagraí.

An chóisir ab fhearr riamh nár tharla!

Is éadrom ór ag amadán. Ba sheanfhocal é sin a thuig Billy McFarland agus rinne sé gach iar-racht é féin a dhéanamh saibhir le hairgead amadán eile. Faraor, b'amadán é féin chomh maith!

Ceann de na chéad smaointe a bhí ag McFarland ná cárta do dhaoine saibhre, a thabharfadh buntáistí dóibh bualadh le daoine

cáiliúla agus a bheith i láthair ag imeachtaí tábhachtacha. An príomhsmoineamh ná go mbeadh na cártaí costasach – agus na him-eachtaí sách saor!




Le bheith dáiríre faoi, níl aon rud mídhleathach i gceist maidir le plean McFarland. Mímhorálta, b'fhéidir, ach níor chuir sé sin as dó. Nuair a bhuail McFarland le rapálaí darbh ainm *Ja Rule*, bheartaigh siad beirt féile cheoil chostasach a eagrú ar oileán in aice le cósta Mheiriceá.

Ní raibh aon tuiscint acu ar an gcostas a bhain le féile a rith, áfach. Chuir siad an chuid ba mhó den airgead a bhailigh siad ó infheisteoirí isteach

i bhfógraíocht agus ina bpócaí féin. Nuair a shroich na daoine an t-oileán, ba mhór idir é agus an imeacht a fógraíodh, áfach. Ba léir go raibh McFarland tar éis mí-úsáid a bhaint astu. Cuireadh McFarland i bpríosún agus, nuair a scaoileadh saor é anuraidh, bhí fiacha 26 milliún dollar amuigh air!

Crosfhocal beag anois!



Trasna

- 2 lán d'airgead nó de mhaoín (7)
- 7 ar bheagán meáchain (6)
- 8 cúig fichid (4)
- 10 talamh agus uisce thart air (6)
- 11 teideal, cáil (4)
- 12 freisin, fosta (4)
- 13 triail (8)

Síos

- 1 miotal buí luachmhar (2)
- 2 seanrá (10)
- 3 ó amuigh go dtí istigh (7)
- 4 fóna, ceart, cóir, gan a bheith olc (5)
- 5 carcair (7)
- 6 duine simplí gan chéill (6)
- 9 airgead Meiriceánach (6)

(Freagraí leathanach deireanach)

Fón cailte

Ní deas an rud é fón póca a chailleadh, ach tá buntáiste mór ag baint le fón a chailleadh i gcomparáid le fáinne nó eochair a chailleadh.

Is féidir aip a íoslódáil – nó tagann go leor gléasanna amach agus aip cheana féin orthu, a dhéanann traiceáil ar an áit ina mbíonn an fón. Is mór an chabhair é seo freisin do na Gardaí agus iad ag lorg gléasanna a ghoidtear.

Ar ndóigh, ní mó ná sásta a bhí Mike Saba ná Christina Lee leis an aip seo. Lánúin ó Atlanta, Meiriceá iad agus, nuair a thosaigh cúpla duine ag teacht go dtí an teach ag lorg a gcuid fón sa bhliain 2015, bhí Mike agus Christina trí chéile. Níor thuig siad cén fáth a raibh na daoine sin ar buile leo agus ní raibh an freagra acu.



Tháinig saineolaí ríomhaireachta, Dave Maynor, i gcabhair orthu agus fuair sé amach go raibh cónaí ar an mbeirt i bhfásach digiteach! Toisc nach raibh go leor tithe sa cheantar ag baint úsáide as *Wifi*, bhí fóin a goideadh ag baint úsáide as an gcomhartha ó theach Mike agus Christina – mar chineál comhartha uathoibríoch. Níor chuir sé sin stop le daoine a bheith ag teacht anois agus arís. Ach ar a laghad, bhí míniú ar an scéal acu.

fásach *wilderness, desert* **uathoibríoch** *automatic*

An féidir libh na hanagraim thíos, bunaithe ar fhocail ón sliocht, a scaoileadh?

*inim rdu adhiarr dceair adse
fnó caóp bstunáite órm ceoirh
pai inleác gdaíar anoliaís acóin*

Sacheen Littlefeather

Chreid an t-aisteoir, Marlon Brando, nach raibh glór an Mheiriceánaigh dhúchasaigh le cloisteáil i gceart ag tús na seachtóidí. Ag an am, bhí Brando tar éis léiriú an-phroifisiúnta den charachtar, Vito Corleone, a thabhairt sa scannán, *The Godfather*, agus bhí seans aige *Oscar* a fháil mar an aisteoir ab fhearr.

Ag an am céanna bhí teannas idir rialtas Mheiriceá agus muintir dhúchasach na tíre mar go raibh an rialtas ag forghabháil ceantair darbh ainm, *Wounded Knee* – réigiún dúchasach. Níor thaitin an iarracht trodach seo le go leor daoine, Brando ina measc.

Dá bharr sin, shocraigh Brando gan páirt a ghlacadh in ócáid na n*Oscar*, cé go raibh seans



mór ann go mbuafadh sé féin an gradam. Ní dhearna sé forghabháil iomlán, ach d'iarr sé ar a chara, Sacheen Littlefeather, glacadh leis an onóir ar a shon. Nuair a léigh Liv Ullman ainm Brando amach, bhí iontas ar an slua ban dúchasach Meiriceánach a fheiceáil ag dul i dtreo an stáitse. Níor ghlac sí leis an ngradam *Oscar* agus thosaigh roinnt daoine ag fáireach. Ghabh an lucht eagraíochta leithscéal léi tamall ina dhiaidh sin. Chaith Sacheen an chuid eile dá saol ag troid ar son na ndúchasach Meiriceánach. Cailleadh anuraidh í, faraor.

forghabháil *seize* **faíreach** *boeing*

Tráth na gCeist

- 1 Céard is ainm do dheartháir Mario (Super)?
- 2 Cén post a bhí ag Brendan Gleeson sula raibh sé ina aisteoir?
- 3 Cén contae ar imir Colm Parkinson, Ross Munnelly agus Fergal Byron peil leis?
- 4 Dar leis an *Washington Post*, cén t-ainm is coitianta a thugann úinéirí ar mhadraí fireanna i Meiriceá?
- 5 Sa bhliain 2019, cén t-amhrán a ainmníodh mar an amhrán ceol tíre ab fhearr le hÉir-eannaigh ag an am sin?
- 6 Cén sloinne atá ar Hozier?
- 7 Céard a dhéanann píreamáinigh?
- 8 Cathain a taispeánadh an chéad scannán *Bond*?
- 9 Cé mhéad cúl a scóráil Damien Duff d'fhoireann na hÉireann?
- 10 Sa bhliain 1978 dhreap gasúr 10 mbliana d'aois Sliabh Everest? Fíor nó bréagach?



Ceol/Filíocht

Amhrán Dóchais

Is amhrán álainn é seo, atá bunaithe ar Amhrán Dóchais, arna chanadh ag Emma Ní Fhíoruisce, Ciarán Ó Gealbháin agus Muireann Nic Amhlaoibh – agus é ar fáil ag:

https://www.youtube.com/watch?v=cV3naRc_yLM.

Sula n-éisteann sibh leis, smaoinígí ar an teideal, Amhrán Dóchais. Is rud é dóchas atá ag teastáil go géar sa saol inniu. Mar rang, déanaigí plé gairid ar rudaí atá ag tarlú ar domhan inniu – cogadh, cúrsaí timpeallachta, costais árda, mar shampla. An bhfuil sibh dóchasach go dtiocfaidh feabhas ar an saol?


Tá roinnt focal casta sa cheol a chloisfidh sibh ar ball. Déanaigí scrúdú ar na focail seo a leanas atá san amhrán.

Fódhla = Éire duairc = brónach
ní bheam = ní bheidh mé / ní bheimid
feasta = as seo amach
leasc gan luail = leisciúil gan bhogadh
fannlag = lag comhlann = troid
pór na dtréan = páistí de chuid daoine láidre
faoi réim gan ruaig = i gceannas
lóchrann = solas geal
go bhfeofaidh = go n-éireoidh lag
ár sinsir = na daoine a chuaigh romhainn
ní heagal linn = níl eagla orainn
a gcró = a gcrógacht

Anois, éistigí leis an amhrán cúpla uair.

Slán go deo le brón is buairt,
Slán gan mhoill dár gcaoineadh dhuairc.
Canaim amhrán dóchais i dteanga bhinn na Fódhla,
Is seasaimid go beomhar os comhair an tsaoil.
Canaim amhrán dóchais i dteanga bhinn na Fódhla,
Is seasaimid go beomhar os comhair an tsaoil.

Ní bheam feasta leasc gan luail,
Cráite, cromtha, fannlag, fuar.
Neart is brí na hóige dár dtarraingt tríd an gcomhlann,
Is bainfimid an ceo seo de phór na dtréan.
Neart is brí na hóige dár dtarraingt tríd an gcomhlann,
Is bainfimid an ceo seo de phór na dtréan.
Clanna Gael faoi réim gan ruaig!



Beidh siad saor is béarfaidh bua.

Leanfaimid an lóchrann do las ár sinsir romhainn,
Is ní heagal linn go bhfeofaidh a gcró 'nár ndiaidh.
Leanfaimid an lóchrann do las ár sinsir romhainn,
Is ní heagal linn go bhfeofaidh a gcró 'nár ndiaidh.

Ceisteanna le plé sa rang

- 1 An dtaitníonn fonn an amhráin seo libh? Cén fáth?
- 2 Cad iad na huirlisí ceoil a úsáidtear san fhíseán?
- 3 Samhlaigh go bhfuil sé i gceist ag an rang an t-amhrán seo a thaifeadadh. Cén suíomh a bheadh agaibh? Cad iad na huirlisí a d'úsáidfadh sibh? An mbeadh duine amháin ag canadh nó grúpa?

Machnamh!

- Cad tá i gceist leis an líne seo?
Leanfaimid an lóchrann do las ár sinsir romhainn.
- An féidir libh smaoineamh ar shamplaí de rudaí maithe a rinne ár sinsir dúinn? An dóigh libh go mbíonn meas ag daoine óga ar a sinsir?

Obair thaighde



Is triúr amhránaithe ó Ghaeltachtaí éagsúla iad Ciarán Ó Gealbháin, Muireann Nic Amhlaoibh agus Emma Ní Fhíoruisce, a chanann an t-amhrán san fhíseán seo. Déan taighde idirlín ar an triúr seo.

- Cad as dóibh?
- Cén sórt ceoil a sheinneann siad?
- Cad eile atá déanta acu?

Tionscadal Ranga

Cruthaigí sraith postaer le crochadh thart ar an scoil ag léiriú an téama, 'Dóchas'.

Freagraí!

Séimhiú

- 1 Bhí díomá an domhain ar **Dhónal** nuair a chaill sé a **chuid** airgid.
- 2 Phléasc an phictiúrlann amach trí **thine** aréir.
- 3 Thug mé cuairt ar an ardchathair inné agus shiúl mé trí **Shráid** Uí Chonaill.
- 4 Bhí a **mhúinteoir** an-sásta le Joey nuair a d'éirigh leis grád A a fháil sa scrúdú.
- 5 Ní raibh ach cúig **bhád** sa rás.
- 6 Níor chuala mé focal ó **Dhiarmaid** ó d'fhág sé an scoil dhá mhí ó **shin**.
- 7 Bhí bróga Choilm róbheag dá **chosa**.
- 8 Thug mé faoi deara go raibh Ironman agus an **Hulk** an-**chairdiúil** le chéile sna scannáin *Marvel*.

Suas, síos, thuas, anuas!


- 1 An mbeidh tú **ag dul suas** go Dún na nGall sa samhradh, a Bhreandáin?
- 2 A Eibhlín, conas a bhí an cúrsa Gaeltachta **thuas** i nDún na nGall?
- 3 Katie, an dtiocfaidh tú **anuas** ar cuairt chugam ag an deireadh seachtaine?
- 4 D'imigh Pól agus a chairde **síos** go Loch Garman chun galf a imirt an deireadh seach taine seo caite.
- 5 Conas a bhí an fhéile snagcheoil **thíos** i gCorcaigh i mbliana? An ndeachaigh tú **síos** ann? Ar ghlac sé tamall fada ort teacht **aníos** arís leis an tracht?




Saoire trí Thine




Crosfhocal Cogaíochta!



Suim agat i stampaí?



Ainm cáiliúil



Deireadh le Tayto Park!



An chóisir ab fhearr riamh nár tharla!



Tráth na gCeist

- 1 Luigi
- 2 Múinteoir
- 3 Contae Laoise
- 4 Max
- 5 Raglan Road
- 6 Byrne
- 7 Lasann siad tinte.
- 8 1962
- 9 8
- 10 Bréagach

